Craig, J. P. (James Patrick)
Iasgaireacht Sheamuis
Bhig

PB
1399
C55I22
1922

From the Library

of

PÁDRAIG Ó BROIN

Modern
Irish Texts.—IV.



Iasġaireaċt Séamuis Ḃig

J. P. Craig.

RICE 1/6 NETT.

An Craoiḃín Ceoil.

A Collection of Songs, with Pianoforte Accompaniments. By J. P. Craig. Price, 1/-. Sol-fa Edition, 3d. Postage extra.

CONTENTS.

1. Cruaċa na hÉireann (Chorus).
2. Teanga na hÉireann (Chorus).
3. Nuis a Ḃalú (Chorus).
4. Éire, a Éire (Chorus).
5. An Deoraiḋ (Solo).
6. A Ṗádruic, a Rún (Solo).
7. Na Smeura (Humorous).
8. Cruaċa na hÉireann (Solo).

An Craoiḃín Úr.

Price 6d. nett; by Post, 7d.

This is a revised Sol-fa Edition of An Craoiḃín Ceoil which, as seen below, contains several new songs. All those not marked "solo" are harmonized.

CONTENTS.

1. Cruaċa na hÉireann.
2. Teanga na hÉireann.
3. Nuis a Ḃalú.
4. Éire, a Éire.
5. A Ṗádruic a Rún (Solo).
6. An Deoraiḋ (Solo).
7. Na Smeura (Solo).
8. Síos anns an Ġleann.
9. Ní Ḟeicfar níos mó tú.
10. Imirctoir na hÉireann (Solo).
11. An tSeamróg Ḃeag Dilis (Solo).
12. Carraic Donn.
13. A gCeart-Lár Coilleaḋ.
14. An Sean Ċat.

PUBLISHERS: D. C. CRAIG & CO., WILLIAM ST., DERRY

Iasgaireacht

Iasgaireaċt Ṡéamuis Ḃig.

le

Séamus Ua Creag.

SEVENTH EDITION.

DERRY:
D. G. CRAIG & CO., WILLIAM STREET
1922.

LIBRARY
16
AUG
1976
UNIVERSITY OF TORONTO

PB
1399
C55 I22
1922

Iasgaireaċt Séamuis Ḃig.

I.—Gealogaí.

Nuair a ḃí mise mo ġársún ḃí dúil mór san iasgaireaċt agam, agus nuair a ċuirfeaḋ mo ṁáṫair ann tubair air maidin mé fá ċoinne canna uisge, buḋ ṁinic naċ dtiocainn na baile go dtí am dinneara, agus insin ġeiḃinn gríosail ṁait de'n tslait. Aċ ní raḃ morán mait a ḃeit liom, ná ḃí me co h-olc latar na ṁárac.

Fá'n am seo, innean go raḃ me naoi mblianna de aois, ní raḃ méid air biṫ ionnam, agus feudaim a rá naċ bfuil me morán níos mó aniú; Aċ is cuma ceocú, beag no mór, deas no míofur, ḃí náire ṁór orm agus gasraí an ḃaile ag gáiriug magaḋ orm mar naċ raḃ orm go fóill aċ na cótaí, agus an gaoṫ ag feadalaig air mo luirgnaċa mar ḃéaḋ giorsaċ ann! Siomaiḋ uair a ċaoin me an dá súil amaċ as mo ċionn leis na brístí a fáil, aċ má ċaoin féin sin a raḃ agam air a son. "Ḃí do ṫost agus na bóruig sinn!" a deireaḋ mo ṁáṫair—go ndeánaiḋ Dia trócair air a h-anam!—"Ḃrístí, go dearfa! Ní ṫiocaḋ leat siul ionntú."

Aċ ma ḃí mise beag féin ḃí me sean-ċionnta go maiṫ. Maidín aṁáin, agus mé a ndéiḋ taom mór caointe a ċur ṫaram, d'imig me amaċ a ċruinniu saercan, agus cé casaḋ orm a gcúl cloiḋ sgeaċ, agus iad ag imirt cruipí aċ Donnaċaḋ Dall agus Conaillín na gCos Cam.

"Maise, sé do ḃeaṫa, a Ṡéamuis Ḃig!" arsa Conaillín.

"Go raḃ maiṫ agat," arsa mise; "aċ silim go bfuil me ċóir a ḃeiṫ co mór leat-féin."

"Co mór liomsa, a Ṡéamuis?—Agus ca bfuil do ḃrístí, a ṁic ó?" arsa Conaillín.

"Tá an fiafruige ort, a ġiolla na gcos cam!" arsa mise.

"Seo, seo, a Ṡéamuis! Ná bíoḋ fearg ort liom. Ní raḃ me aċ ag deánaḋ grinn. Ma tá na cótaí ort féin, ní fuil gasúr air an ḃaile co maiṫ miotalaċ leat. Ca bfuil tú ag gol aniú?"

"Ag gol a ċruinniu saercan." arsa mise.

"Arú, leig dúinn, tu-féin agus do ċuid saercan! Tá mise agus Donnaċaḋ inseo ag gol a iasgaireaċt, agus tá se co maiṫ agat a ġol linn?"

"Ḋeón a miste liom," arsa mise; "buḋ ṁaiṫ liom breiṫ air ċupla gealog le cur sa tubar."

"Le cur sa tubar?" arsa Conaillín.

"Seaḋ," arsa mise. "Ní ḃéiḋ muill air biṫ orainn breiṫ air ġealogaí go leor le nar láṁa. Tá neart ocú sa tsruṫan anois."

"Spréaḋ air ġealogaí!" arsa Conaillín. "Ní ḃéinn ag cur m'am amaṁa ag breiṫ orṫú."

"Ḃaiste maise, go ḃfuil eugla ṁór ormsa, a Ċonaillín," arsa Donnaċaḋ, "naċ moran eile atá le fáil sa tsruṫan go fóill."

"Ḃfuil fios agat an pull mór cruinn atá fuasadaí aig an tsean ḃalloig?" arsa Conaillín.

"Tá fios agam go maiṫ," arsa Donnaċaḋ.

"Ḃal, tá an pull sin lán ocú?"

"Lán de ġealogaí?" arsa Donnaċaḋ.

"Lán de ḃric ḃréaċa!" arsa Conaillín.

"Agus go de'n dóiġ a mbéirfamuid orṫú?"

"Ṫig linn breiṫ orṫú le dulannaí anns na puill ṁóra, an áit a ḃfuil an t-uisge ró-ḋóinn le breiṫ orṫú le n-ar láṁa."

"Ṡílfinnse gur ṁaiṫ an rud pilleoc?" arsa Donnaċaḋ.

"Is cinnte go mbéaḋ se taite," arsa Conaillín, "dá mbéaḋ cionn deánta againn."

"Ní fuil faic a ṁuill a ḋeánaḋ," arsa Donnaċaḋ

Ċiod iasgaireaċt Séamuis Ḃig.

“agus da mbéaḋ na fioga agamsa ní ḃéinn cúig ḃumaite da ḋéanaḋ.”

Aċ le sgeul fada a ḋéanaḋ gairid, fuaras na fioga agus rinneaḋ an pilleoc. Geárrmuid insin trí slataí fada, agus ċuirmuid dul air aċan ċionn ocú. Fuair me-féin an canna leis na bric a ċur ann, agus ní raḃ a ḃfad go raḃmuid aig an tsruṫan.

“Ca'n áit a dtoiseoċamuid, a Ṡéamuis!” arsa Conaillin.

“Ḋeón fios agam,” arsa mise, “mur dtêmuid suas go bárr an tsruṫain agus iad a ṫóirt linn anuas.”

“Ḋeánfiḋ sin cúis,” arsa Conaillín. “Siuilgiḋ liḃ.”

Siuilmuid linn insin agus níor stadmuid go raḃmuid aig bárr an tsruṫain. Ḃí se fa tuairim an h-aon-ḋeug ó ċlug, agus ḃí an grian ag soillsiu go glórṁar—béiḋ cuiṁne go deo agam air an lá-daí—ionas go dtiocaḋ leat na bric a feiceal air ṫóin an ṗuill. Ḃí luṫair ṁór orainn, agus feudann tú a ḃeiṫ cinnte nar ċaillmuid moran ama go raḃmuid ag obair.

Toisig Donnaċaḋ agus Conaillín leis na dulannaí, agus roiṁe leaṫ-uair an ċluig ḃí leaṫ ḋuisín de ġearr bric ṁaiṫe aig Donnaċaḋ. Ḃí cionn ocú agus creidim go raḃ unnsa no unnsa go leiṫ air meaċan ann. Ḃí seaċtar no oċtar air an ḃruaċ aig Conaillín, aċ ní raḃ siad co mór le cuid Ḋonnaċaiḋ, aċ mar sin féin, silfa gur bó a ḃí aige aċan uair a gcaiṫfaḋ sé gealog tar a ġualainn.

Ruiṫ an ama seo ċa raḃ mise aċ ag breiṫ ar ġealogaí le mo láṁa, agus tá me cinnte naċ raḃ morán níos lú ná cúig ċéad ocú, beo beaiṫeaċ, sa ċanna agam. Siomaiḋ uair ó soin a smaoitig me air an lá-adaí, agus an ḃród a ḃí orm aċan uair a d'aṁarcfinn asteaċ sa ċanna ar na gealogaí agus iad ag tiunta bolg-bán agus ag caoċaḋ aníos orm.

Dar liom-féin, "Tá mo sáiṫ ocú seo agam," agus suiḋ me síos tursaċ go leor air ḃruaċ puill. Air ball, nuair a tannaic me an sgrios a ḃí an ḃeirt eile ag deánaḋ air na bric ṁóra, dúirt me liom-féin nar ċóir daṁ suiḋe go ḃfuinn cionn no beirt fosta. Ḃí me ag smaoitiu mar seo, agus mé ag aṁarc asteaċ faoi 'n ḃruaċ a raḃ me mo suiḋe air agus co cinnte agus tá me beo ḃí pánaí bric na luiġe faoi mo ḋá ṡúil naċ ḃfácas ariaṁ a leitiḋ a mí na Bealtaine!

"Aċrú, aċrú! agus a ṁuirnín ṁilis!" arsa mise ag aṁarc síos air, "Da ḃfuinnse greim rubaill ort ċuirfinn go cúramaċ asteaċ sa ċanna tú!"

"Ḃfuair tú morán, a Ṡéamuis?" arsa Conaillín agus é ag teaċt anuas taram go dtí'n pull a ḃí taoḃ síos daṁ.

"Tá an canna cóir a beiṫ líonta agam," arsa mise.

"Maise, a Ṁaiġdean na Glóire" ar sé ag aṁarc asteaċ. "Go dé déanfas tú le a ḃfuil insin de gealogaí gránna!"

"Cuirfiḋ me asteaċ sa tubar iad," arsa mise.

"Ḃéaḋ sé co maiṫ agat iad a ċur asteaċ a bpull ṁónaḋ," arsa Conaillin ag breiṫ air an ċanna.

"Go dé'n donas a ḃfuil tú ag gol a deánaḋ, a Ċonaillín," arsa mise.

"Ag gol da gcataḋ amaċ sa tsrutan ar ais," arsa Conaillín.

"Ná leag meur orṫú!" arsa mise, "ná ma leagann caiṫfiḋ mise tú-féin asteaċ air do gaosan!"

"Ní fuil tú aċ ag deánaḋ grinn, a Ṡéamuis."

"Ná naċ ḃfuil? Coiṁeaḋ tú-féin air sgor air biṫ air eugla," arsa mise.

"Maise tá fios aig an tsaol orm gur mór an náire duit, a Ṡéamuis, a leiṫid de sgrios a deánaḋ," arsa Conaillín.

"Naċ cuma duitse!" arsa mise.

"Ní ḃéiḋ breac sa tsrutan an ḃliain seo ċugainn."

"Sinn leat, anois, agus na buail mé, a Ċonaillín!"

"B'feárr a d'ḟóirfaḋ se duit leigint daofa sin, agus breiṫ air rud inteaċt níos mó."

"Bug leat, a Ċonaillín, agus ná bóḋruig mé! Tá me ag gol a toisiu air na bric móra anois," arsa mise.

Beag ar ḃí mise, measaim go raḃ eugla a ċuirp air Ċonaillín róm, agus, le sgeul fada a deánaḋ gairiḋ d'imig se leis síos go dtí 'n pull mór a ḃí toaḃ síos daṁ. Nuair a fuair me-féin faill, ḋearc me asteaċ ar ais faoi'n ḃruaċ go ḃfeicinn an raḃ m'oganaċ ag corrú, agus mar ḃéaḋ an t-aḋ orm, ḃí sé na luiġe go socair suaiṁneaċ mar ḃí sé. Rug me air mo ṡlait, agus d'fosgail me amaċ an dul go dtí go dtiocaḋ liom mo ḋórn a ċur fríd. Insin luiġ me síos air an ḃruaċ, agus ċuir me an tslat go faiċilleaċ asteaċ san uisge, fa tuairim slat go leit, no mar sin ó na ċionn. Giota air giota tarrainn me an dul go h-an-fadalaċ níos cógraiġe agus níos cógraiġe dó go ḃfuair me fa ḋeireaḋ asteaċ air a ċionn é agus tarr an dá eiteoig móra . . . . "Tá tú guite agam anois a ṁuirnín ó!" arsa mise ag teannaḋ air, agus dá tarraint agus dá stratailt go mb'éigean daṁ fa ḋeireaḋ a ġol asteaċ san uisge!

Nuair a tannaic an ḃeirt eile mé-féin sa tsrut, agus mé fliuċ suas go dtí mo ḃásta, sil siad gur síogaiḋ, no madaḋ uisge a tainic orm, agus siud ċugam air ċos-anáirde iad. Aċ, sul a ḃfuair siad fad liom, ḃí an breac mór, beo beaiteaċ, astuig sa ċanna agamsa.

"Á Ṁaiġdean ṁilis!—Aṁarc, a Ḋonnaċaiḋ!" arsa Conaillín ag aṁarc asteaċ air an ḃreac ḃréag, agus é co mór sin go raḃ sé dúbailte suas anns an ċanna, agus a ċionn ċóir a ḃeit siar ag n-a ruball.

"Ḋéon greim gur iasgaire sórruiġeaċ atá ionnat, a Séamuis!" arsa Ḋonnaċaḋ. "Ní fuil ionntú seo againne aċ gealogaí gránna," ar sé, ag caṫaḋ an méid a ṁaruiġ sé-féin asteaċ sa ċanna, agus rinn Conaillín an cleas cianna le na ċuid-san. Is maiṫ an breac an breac duḃ go mbeirtear air ḃreac ġeal.

“D'imiġmuid insin agus ruaigmuid an sruṫán ó ḃun go bárr, agus ḃí an lá cóir a ḃeiṫ caiṫte nuair a ḟuiḋmuid síos fa ḋeireaḋ leis na bric a ránnaḋ eadrainn. Ċaiṫmuid cruinn insin go bfeicfaḋ sinn cé tógfaḋ an ċiod breac. Ṫarrainn mise an crann ab ḟuiḋe, agus tóg me go luṫaireaċ an breac buḋ ṁó, agus ċaiṫ me amaċ air an leuna é. Ḃuḋ é sin an sumaċán cianna a ṫarrainn amaċ sa tsruṫ air maiḋin mé, agus nar ḟág cuimnte air mo ċnáṁa nar ḟliuċ se. Aċ ḃí me sásta go leor anois nuair a ḃí sé ag preabadaiġ faoi mo ḋá ṡúil air an ḟeur ġlas. Ḃí méid ḃréaġ ann, agus ḃí se punta go leiṫ air meáċan ma ḃí se unnsa.

Ṫainic Conaillín mo ḋéiḋ-sa agus tóg seisean an dara breac buḋ ṁó, aċ ċa raḃ ann aċ gilidín beag sgallta le taoḃ mo ċionn-sa. Ċuir Donnaċaḋ a láṁ sa ċanna insin agus tóg sé amaċ gearr ḃreac ṁaiṫ. Ṫoisiġmuid insin ar ais arist, agus ċar stadmuid go raḃ leaṫ ḋuisín breac aig aċan duine againn.

“Ḃeánfiḋ sin graiṫe,” arsa Conaillín. “Ní ḟuil anns an ċuid eile aċ gealogaí; fágfamuid an t-iomlan ocú aig Séamus Ḃeag, agus cead aige a gcur sa tubar ma 'sé a toil é.”

Ċuamuid na ḃaile insin, agus aċ ab é go raḃ an breac mór le teiseint agamsa is dóiċe go bfuinn an tslat go teann teiṫ. Is cinnte gurb é a ḟábail mé, agus siomaiḋ uair ó soin a smaoitiġ me gurb é, fosta, a ċuir na bríste orm, mar naċ deaċaiḋ seaċtain tar mo ċionn go raḃ siad orm.

A dtaoiḃ na ngealog, a n-áit a gcur sa tubar d' áirduiġ me liom siar an caoran agus suas go bárr an ċruic iad, agus gur ḋóirt me an t-iomlan ocú, eadar beag agus ṁór, asteac a loċ beag uaigneaċ a dtugann siad Loċ na mBreac Buiḋe anois air.

II. Cuir Salann air a Ruball.

Is fada an lá anois ó fuair mise na bríste, agus siomaiḋ ártú a tainic air an tsaol ó'n lá-adai ar ṁaruiġ me an breac mór. Cuireaḋ na sgoile mé, aċ ma cuireaḋ ċan moran leiġinn a d'ḟeoluim mé. Ḃí me ró-iomlataċ agus ró-ealaonta a gcoṁní agus, a n-áit a ġol na sgoile, is é an rud a niḋinn go minic, luiġe a gcúl cloiḋ, no a ġol suas a gcrann agus fanaċt insin go dtí'n trí ó ċlug.

Tá cuiṁne ṁait agam go deaċaiḋ me, uair aṁáin, air ċuairt annsair mo ṁatair-ṁóir, agus mar naċ raḃ moran ainnte agam air buaċaillí na h-áite ḃí mo ċroiḋe briste ag bogadaiġ tart liom-féin. Leis an firinne a rá ḃí me ag spaistearaċt fa'n ḃaile ṁór seaċtain ná níos mó gan sult, gan cuideaċta, gan pléisiúr. Ċa raḃ oireaḋ airgid agam agus ceannoċaḋ rotar, agus mar sin dae, b'éigean daṁ fanaċt fa'n ḃaile. Cor uair, nuair a ḃéaḋ an aimsir ṁait agus an grian ag soillsiu, ṡiuilfinn amaċ an bealaċ-mór agus suas go bárr an ċnuic. Amannaí eile raċainn síos a ċois na hónna agus luigfinn faoi sgáil na gcrann ag éisteaċt le ceol na n-eun agus ag aṁarc ar na bric ag léimnig.

Ḃí me lá aṁáin mo luiġe faoi ċrann mar buḋ gráṫ nuair a tainic sé ann mo ċionn aṁarc asteaċ faoi ḃruaċ an ṗuill ṁóir a raḋ me mo ṡuiḋe air, agus go dé, do ḃorúil, ar leag me mo ṡúil air aċ ḃradan! Co cinnte as tá me beo, ḃí se co fada le láṁċrann ṡúiste agus co raṁar le do láirc! Ṫit me a ngráḋ air an ḃumaite leis, agus toisig me ag smaoitiu go dé'n dóig ab feárr breiṫ air. Ḋeón dúan a ḃí agam ná bealaċ a ḃfáil mur ndeánfinn cionn as sean ḃioran mór cam a ḃí ag cuinnealt suas mo ḃristí. Aċ go de'n ṁaiṫ a ḃéaḋ a ndúan de'n tseort sin le breiṫ air an oganaċ ud?

Fá ḋeireaḋ ṡiar tall d'éirig me mo ṡeasaḋ co faiċilleaċ as tainic liom, agus air ṡiul liom, mar ḃéaḋ an gaoṫ ann, na ḃaile-ṁóir go ḃfuinn cupla dúan agus ruaim. Ḃí me air criṫ le teann atais agus leis an géiḃeann a ḃí orm tit me fiċe uair air ḃeul mo ċinn, agus ċubair go muirfinn seanḃean ḃeag ruaḋ nuair a léim me asteaċ tar dig an ḃealaig-ṁóir.

“Maise, spréaḋ air do ṡála móra!” arsa an tseanḃean, agus í leaṫ astuig sa dig.

“Ḃí do tost!” arsa mise, “ní raḃ neart agam air.”

Séamus beag ag aṁarc air na bric ag léimniġ.

"Maise, plóid ort!—Sé Dia a sáḃail mé nar báiteaḋ mé"

"Fuist!" arsa mise. "Ṫannaic me bradan mill-teanaċ fior-adaí faoi ḃruaċ na hónna, agus ḃí oireaḋ deifre orm naċ ḃfacaiḋ me tú go raḃ me ann do ṁullaċ."

"Agus ca ḃfuil an diaḃall ag gol leat anois?" arsa an tseanḃean agus í ag daṁsa le síor-ḟeirg.

"Tá mé ag gol fa ċomne mo ċuid dúan," arsa mise.

"Maise, is tú an ḃreallan ceart!" arsa an tsean-ḃean ḃoċt, ag aṁarc orm-féin agus leaṫ-ġáire air a haeiḋ.

"Ca tuige?" arsa mise.

"Ḃfuil fios agat go dé deánfas tú?" ar sí.

"Go dé sin?" arsa mise.

"Tá, faġ gráinín maiṫ salainn agus caiṫ air ruball an ḃradain é!" agus ḃris sí amaċ ag ġáiriġ magaḋ orm-féin.

Aċ níor ċuir mise suim ná sórrú innti, agus as go bráċ liom na ḃaile go ḃfuair me cupla slat de ċórda ḃréag láidir, agus dúan a ṫarrneoċaḋ asteaċ tarḃ. Insin, tug me m'aeiḋ ar ais air an ómn agus nuair a ṫainic me go dtí'n áit a raḃ m'óganaċ na luiġe ċuir me cuiteog áir an dúan. Asteaċ liom insin go bruaċ na hónna go ciuin socair, agus go h-an-ḟaiċilleaċ air fad luiġ me síos air mo ḃeul ag dréim leis an ċuiteog a leigint síos aig n-a soc, aċ nuair a ḋearc me asteaċ !—Ḋeón greim de'n ḃradan a ḃí le feiceal ! tá fios aig an tsaol orm naċ raḃ fios agam ceocú air mo ċionn no air mo ċosa a ḃí me mo ṡeasaḋ ; agus ċuir sé an oiread sin feirge orm gur ċait me a raḃ ann mo láṁa—dúan, ruaim, agus uile—amaċ sa tsruṫ.

Ḃuḋ ḋeas an piocṫúir mé an lá-adaí air ḃruaċ na hónna agus cár orm a ċuirfeaḋ an aicid air na préataí—is cinnte gur ṁór an truaiġe naċ ḃfuaras snap-shot orm. Air sgor air biṫ, ḃí me mo ṡeasaḋ insin mar ḃéaḋ stacan giuis ann gur ċuiṁniġ me fa ḋeireaḋ air an tseanḃean ḃeag ruaḋ. Ḃí me cinnte gurb í a ċuir an mí-aḋ orm.

Ma ċastar bean ort—go speisealta bean ruaḋ—agus tú ag gol a iasgaireaċt, mo ċóirlle duit tiunta na baile.

III.—An Sean Ḃreac.

A nḋéiḋ mo ḃradan bréaġ sliocta sleaṁain a cailleaḋ, tainic an-ḋúil san iasgaireaċt agam, agus ní raḃ a ḃfaḋ go deaċaiḋ me air lorg slat-iasgaireaċta. Ḃí neart ocú seo da ndíol aig Páidín Giortaċ, agus asteaċ liom annsair.

“ Go mbeannuiġ Dia duit ! ” arsa Páidín.

“ go mbeannuiġ Dia agus Muire duit ! ” arsa mise. ‘ Creidim go ḃfuil neart slataċ agat ? ”

"Cruaċa ocú!" arsa Paidín, "agus is dóiċe liom naċ droċ ċionn atá a diṫ ortsa, a Ṡéamuis?"

"Ni fuil mórán maiṫ a ndroċ ċionn," arsa mise, ag aṁarc air na rudaí beaga éadroma a ḃí aige san fuinneog.

"Ni fuil a ḋaṫ a ṁaiṫ ionntú sin," arsa fear na slat. "Brusgar atá ionntú—Aċ aṁarc orṫí seo?"

"Is bréag an tslat i," arsa mise ag smaoitiu air an ḃradan a d'imiġ orm.

"D'feudfa sin a rá," arsa Páidín. "Rinn me í sin an tseaċtain seo ṫart do Ṡeaġan Ruaḋ, aċ, eadramn-féin, ní maiṫ liom a tóirt dó."

"Ca tuige sin?" arsa mise.

"Tá, mar naċ mbíonn an t-airgead aige go minic, a Ṡéamuis, agus tá fios agatsa co maiṫ as tig liomsa innse duit naċ ḃfóirfaḋ se daṁ an tslat sin a tóirt dó air cáirde."

"Is cinnte naċ ḃfóirfaḋ, a Ṗáidín," arsa mise "go dé 'n fad atá innti?"

"Tá sí oċt dtroiṫe deug, a Ṡéamuis, agus ma ġlacann tusa í béiḋ cunraḋ agat innti."

"Oċt dtroiṫe deug!—Dar fiaḋ, ḃeirfaḋ sí sin asteaċ bolog! Ca ṁeud atá orṫi?"

"Ní fuil orṫi aċ an deiċ agus sé pinne, agus ḃéirfiḋ sí asteaċ bradan co réiḋ le gealog," arsa Páidín.

Le sgeul fada a ḋéanaḋ gairid, ċuir me-féin síos an t-airgead, agus sul ar fág me an píopa ċeannuiġ me luaċ an seaċt agus sé pinne de ḋúain. Ans a measg seo ḃí cuileoga' duḃa, cuileogai gorma, cuileogaí glasa, cuileogai dearga, cuileogai buide, cuileogai órḋa, agus aċan ċeanal cuileog da ḃfacas ariaṁ. Ḃí cuid ocú ceangailte le fionnaḋ gearrḟiaḋ, fionnaḋ luċog, agus fionnaḋ muc; cuid eile ocú, agus iad cóiriġste as eiteogai dreolan, eiteogai traḋan, agus eiteogai bárdal fiain; cuiḋ eile, agus iad co mór le gearr beaċog; cuid eile, agus aerca ortú mar ḃéaḋ silide samraiḋ ann; agus ḃí leat-duisín ná níos mó de ċuileogai speisealta a raḃ eiteogai ortú mar ḃéaḋ mioltog-leatair ann.

Aig breacaḋ an lae latar na ṁárac ḃí me-féin air mo ċois, mo ṁála air mo ḋruim, agus mo ḟlat ḃréaġ úr faoi m'asgail, agus mé ag tarraint na hónna co tiut as tainic liom. Ḃí bearraḋ bréaġ gaoite ag éiriġ, agus ḃí me ag smaoitiu liom-féin air an ṁála breac a ḃéaḋ agam drata an tranóna, nuair cé a casaḋ orm aċ Seaġan Ruaḋ! Agus b'furust feiceal go raḃ fonn magaiḋ air nuair a ḟórruiġ se an gleus a ḃí orm-féin.

“Maise, a Ḋia na ngrásta, a Ṡéamuis, ca ḃfuil tú ag gol leis an tslait ṁillteanaiġ sin?” arsa Seaġan.

“Tá me ag gol a iasgaireaċt,” arsa mise.

“Maise, go sábailiḋ Dia sinn!” arsa seisean. “Tá eugla ṁór orm naċ ḃfuil breac san óinn naċ mbéiḋ ann do ṁála roiṁe luiġe na gréine anoċt!”

“Feudann tú a beit cinnte go ndeánfiḋ me mo ḋiċeall,” arsa mise.

“Maise, geall air Ḋia, a Ṡéamuis! Fág an sean ċionn féin,” arsa Seaġan.

“An sean ċionn!” arsa mise.

"Maise droċ ṁúnaḋ air do ċroiceann beag gránna!"

“Seaḋ, a Ṡéamuis. Tá fios agat naċ ceart buint leis an tsean-ḃreac air eugla naċ mbéaḋ an ċionn eile san óinn le póraḋ.” Agus, leis sin, toisiġ sé ag sit-ġáiriġ, agus as go bráċ liom-féin.

Nior stad me go raḃ me air ḃruaċ na hónna, agus bí cinnte nar ċaill me moran ama gur ċuir me mo ṡlat ḃréag oċt dtroiṫe deug le ċeile. Insin tarrainn me amaċ an ruaim agus na cuileogaí, agus ní raḃ a ḃfad go raḃ me ag greadaḋ an uisge mar ḃéaḋ rud air biṫ ann.

Ḃí na bric ag éiriġ co tiuċ leis an feur, agus ní breug a rá go raḃ me da gcataḋ tar mo ġualainn go galanta, aċ leis an ḟirinne a ádṁail ní raḃ ionntó aċ gealogaí gránna nar ḃfiú a dtógail.

Fá deireaḋ, ṫainiċ sumaċan beag ḃréag aníos, agus da ḃfeicfa tusa an cúrsa damsa a rinn se frit an uisge! Ċannaic me go raḃ an dúan a ḃfasta go maiṫ ann a soc, agus tug me an tslat go teann teiṫ dó. Aċ, air a son sin, bí se nios rinne ná sil me. Ṫoisiġ se ag preabadaiġ, agus ag lúbarnaiġ, ag léimniġ agus ag boc-léimniġ, ag sluparnaiġ-slaparnaiġ agus ag tóirt oiread. rubaill ua le bradan! “Maise, droċ ṁúnaḋ ar do ċraiceann beag gránna! Mur gcuirfiḋ mise an gus agus an giodal asat!” arsa mise da ċataḋ tar mo ġualainn. Aċ ca'n áit, do ḃorúil, ar tit se aċ suas a mbárr cruinn fuinnseoige! Agus leis an oraċar a ċuir me leis, ḃris mo slat ḃréag úr na dá ċuid! Agus suas air ḃárr an ċruinn bí an damantoir beag ag croċaḋ, agus mo ċuid dúan, ruaim, ruaim-ceastala agus uile leis!

IV.—Iasg Eiteogaċ.

Ag teaċt na baile daṁ féin an tranóna sin, cé ḃí na suiḋe ar ḋá ċaitir aig an doras aċ Seaġan Ruaḋ agus mo ṁaṫair-ṁór.

“Cuirfiḋ me geall,” arsa Seaġan, “gur ṁaruiġ Séamus beag an sean ḃreaċ an iarraiḋ seo!”

“Maise, tá an pota réiḋ agamsa fa na ċoinne,” arsa mo ṁaṫair-ṁór.

“Arú, leigiḋiḋ daṁ!” arsa mise. “Naċ mór an náire duiḃ a ḃeiṫ ag magaḋ orm agus mo ṡlat ḃréaġ na ḋá ċuid!”

“Do ṡlat úr briste a henifin!” arsa Seaġan, agus aċan súil ann a ċionn co mór le h-uiḃ ċirce. Iasgaire sórruiġeaċ a ḃí ann Ṡeaġan, agus ċa raḃ rud air biṫ air doṁan a ċuirfaḋ oireaḋ pléisiura air ná tráċtail air ḃradan.

“Tá iontas ort, a Ṡeaġain,” arsa mise, “aċ da ḃfeicfá an bradan a raḃ me a ḃfasta ann!”

“Bradan!” arsa Seaġan.

“Arú, bí do tost, a Ṡéamuis!” arsa mo ṁaṫair-ṁór.

“Deċón smid bréige ann!” arsa mise.

“Raḃ mórán méid ann?” arsa Seaġan.

“Co cinnte as tá me beo, a Ṡeaġain, ḃí sé co ramhar le do ċorp, agus ruball air co leaṫan le sguaḃ!” arsa mise.

"Agus go dé 'n donas a ṫainic ort?" arsa Seaġan.

"Aċ, a duine, a ċléiḃ," arsa mise, "nuair a rug se air an dúan síl me naċ raḃ ann aċ gorman, agus co luat as ṫug me iarraiḋ a ċataḋ tar mo ġualainn ṫug se boc-léim aṁáin, agus ḃris mo slat mar ḃrisfa sifín coċain!"

"Go dé'n áit a raḃ tu ag iasgaireact?" arsa Seaġan go h-an soineanta.

"Aig Pull na Carraice Móire," arsa mise, aċ a n-áit sin is aig Pull na Fuinnseoige a ḃí me. Ḃ'ḟurust ainnṫe air Seaġan go raḃ se-féin ag brat air an ḃradan, agus ċuir mise ann mo ċionn cleas beag grinn a imirt air.

"An cuiteog na cuileog a ḃí agat?" arsa Seaġan.

"Cuileog, ar ndóiġe," arsa mise. "Ċa mḃéinn guite le cuiteogal."

"Go de'n ceanal?" arsa an fear ruaḋ.

"Fionnaḋ luċog," arsa mise, ag tarraint amaċ o leor dúan, agus ag teisbeint dó an cionn buḋ ṁó.

"Dar fiaḋ!" arsa Seaġan. Ċar lóir se focal eile, agus ḃí se na seasaḋ insin mar ḃéaḋ sean stacan ann air fios ċúig ḃumaite ná níos mó. Fa ḋeireaḋ siar tall, ṁusgail se agus ar siul na ḃaile leis, ag rá go raḃ taom de'n ḋéideaḋ air. Nuair a ḃí se as aṁarc, ḃris me-féin amaċ ag gáiriġ co tiut as ṫiocaḋ liom, ionas gur síl mo ṁaṫair-ṁór naċ raḃ splannc agam.

"Go dé na gearraċa atá ag teact ort?" arsa mo ṁaṫair-ṁór.

"Fuist, a ġranai," arsa mise. "Ni raḃ me aċ ag imirt cleasa air Seaġan."

"Ca tuige sin, a ḃiṫúnaiġ?" arsa sise, agus i ag leigint orti go raḃ fearg iontaċ orti, aċ a n-áit sin ḃi si cóir a ḃeiṫ ag sgoilteaḋ leis na gáiriġ.

"Tá," arsa mise, "sileann Seaġan naċ dtig le duine ar biṫ iasgaireaċt a ḋeánaḋ aċ é-ḟéin, agus ni ċóirfinn oireaḋ de ṡásaḋ dó go mbéaḋ fios aige an mi-áḋ a ṫainic orm aniú."

"Agus go dé'n mi-áḋ a ṫainic ort, a Ṡéamuis?" arsa sise.

Ḃris me-ḟéin amaċ ag gáiriġ ar ais, agus nuair a d'innis me duiṫe mar ṫarla daṁ ṫubair go dtuitfaḋ si a luige leis na gáiriġ.

An tranóna cianna ḃi me-ḟéin ag siul liom-ḟéin air ḃruaċ na hónna, agus, mar go raḃ me an-tursaċ, luiġ me sios faoi ṫum coilinn agus ṫoisiġ me ag léaḋ mo ṗeápear nuaiḋeaċta. Aċ, air a ṡon sin, ċan fuair me moran suaiṁnis, ná ni raḃ me a ḃfaḋ ag léitearaċt gur ċualaiḋ me guldar fir fa tuairim céad slat no mar sin uam! D'éiriġ me mo ṡeasaḋ go tapaiḋ agus ḋearc me ṫart air aċan taoḃ, aċ ni raḃ duine air biṫ le feiceal. Ḃi moran de ċruinn ṁóra ṫart fa dtaoḃ daom, agus sios liom go ciuin socair friofa go raḃ me air ḃruaċ na hónna. Ni raḃ Pull na Carraice Móire a ḃfaḋ air siul uam insin.

Nuair a fuair me glan ar an Ċoill, cé ṫífinn róm

"Ar go bráċ leis an ṗréaċan!"

ac m'oganaċ, Seaġan Ruaḋ! agus é na ṡuiḋe air ḟíor-ṁullaċ na carraice, slat ḃréaġ iasgaireaċta ann a ḋá láiṁ, agus é ag tarraint agus ag tarraint an méid a ḃí ann a ċorp, a n-aeiḋ rud inteaċt a ḃí guite aige. Dar liom-féin, "Ta an sean ḃreac aig Seaġan cinnte," agus ḃí me an-ḃuarta air fad naċ agam-féin a ḃí sé.

"An bradan no guḃ-duḃ atá guite agat, a Ṡeaġain?" arsa mise, ag teaċt ann tosaiġ daṁ. Aċ ca dtug an t-iasgaire áird orm. Ḃí an duine boċt ċóir a ḃeiṫ sáruiġte air ḃárr geur na carraice nuair—Dia ar sábail!—d'éiriġ an toirt mór duḃ amaċ as an uisge! Ḃí Seaġan ag teannaḋ co maiṫ as ṫainic leis, aċ ni raḃ gar ann; ḃí an t-iasg ag brat é-féin agus an tslat a ṫarraint de'n ċarraic!

"A Ḋia na ngrásta! a Ṡeaġain," arsa mise fa ḋeireaḋ, "go dé'n ceanal ḃeiṫiġ a ḃfuil tú a ḃfasta ann?—Leiġ leis! Leiġ leis, a ḋuine!" Aċ ḃí se ro-ṁall; ḃris an tslat na ḋá ċuid a láiṁ Ṡeaġain, agus as go bráċ leis an—préaċan! Sean préaċan mór duḃ a ḃí ann, cibé dóiġ a deaċaiḋ Seaġan a ḃfasta ann.

Aċ da ḃfeicfa ṫusa an cár a ḃí air Ṡeaġan an uair-adaí, agus é na ṡuiḋe air imeall na carraice, a hata amuiġ a lár na hónna, an tslat briste ann a láiṁ, agus an préaċan bradaċ air ṡiul le na ċuid dúan, ruaim, agus ḃárr na slaite!

V.—Crann Ṡéamuis Ṁóir.

Béiḋ cuiṁne go deo agam air na laeṫe pléisiura a ḃioḋ agam-féin agus m' unncal ag iasgaireaċt air an Ḃinn Ṁóir. Ḃioḋ farrainneaċt breac agus bradan a gcoṁní air an ḃinn sin, agus buḋ ġráṫ do m'unncal cead iasgaireaċta a ḃeiṫ aige aċan ḃliam o'n Ḃársoir. Siomaiḋ uair a ṫigeaḋ sgeula annsorm-féin go raḃ fear na mḂradan—sin lear-ainim a ḃí ocú air m'unncal— ag gol amaċ go luaṫ air maidin a iasgairreaċt, agus feudann tú a ḃeiṫ cinnte naċ gcaillimse moran ama ag tarraint air.

Giota beag taob síos do 'n teaċ ḃí crann mór caorṫainn a dtugaḋ siad Crann Séamuis Ṁóir air, agus is é an ċiod ruḋ a ḋeanfaḋ m' unncal ag éirig dó air maidin, aṁarc amaċ go bfeicfaḋ se an raḃ an crann sin ag bugaḋ; da mbéaḋ, d'feudfa a ḃeiṫ cinnte go raḃ neart gaoiṫe ann, aċ mur mbéaḋ, ċa raċaḋ cos m' unncail amaċ an ṁaidin sin.

Ṫranóna aṁáin a ndéiḋ moran gaoiṫe agus fearṫanna, fuair me-féin cuireaḋ, mar buḋ ġráṫ, agus ḃioḋ fios agat go raḃ luṫair mór orm é a fáil; ná, annsna h-amannaí pléisiura seo, ní raḃ agam le gol na sgoile, agus buḋ é sin an ruḋ ar ṁaiṫ liomsa agus aċan sgafaire eile de mo seort.

“ Maise, se do beaṫa, a Séamuis Ḃig!” arsa m' unncal liom-féin agus é air ṫeann a ċuirp ag cur deise air flaṫ mór iasgaireaċta a ḃí aige.

"Go raḃ maiṫ agat!" arsa mise. "Creidim go mbéiḋ lá mór amáraċ againn, a unncail."

"Ḋeón fios agam, a Ṡéamuis," arsa m'unncal. "Tá an gaoṫ ag ísliu go mór, agus má ċuimniġeann se leis, ní béiḋ smid air maidín againn.

"Ná cóir áird air," arsa mo ṁaṫair-ṁór, "sin a ċium a gcoṁní, ag cur a gcéill naċ bfuil fios aige go dé'n ceanal lae a béas ann!"

"tá fios aige go maiṫ, a ġranai," arsa mise, "ná ní dóiċe go mbéaḋ se ag cur fa mo ċoinne-sa!"

"Nuair a tiḋim an gaoṫ ag gol síos," arsa Fear na mBradan, "ní bíonn uċdaċ cuit agam; aċ, na déiḋ sin, tá tuile bréag ag éirig, agus is dóiċe go mbéiḋ bearraḋ beag gaoiṫe againn aig breacaḋ an lae."

Rinneaḋ áirneal ṁór an oiċe sin; m' unncal ag cóiriu suas urnais na h-iasgaireaċta, mo ṁaṫair-ṁór ag sníoṁ go h-uasal aerac air leic na teineaḋ, agus me-féin ag cuinneailt neart sean-ċainnte leis an beirt ocú.

Bí cailín aimsire sa teaċ darb ainim Máire Ṁór, agus bí sise ag deánaḋ réiḋ an tsuipeara fa ċoinne Aoiḋ Ruaiḋ agus na buaċailli aimsire eile a bí fa'n teaċ. Fa deireaḋ bí an suipear réiḋ, agus ċuir Máire sgála bréag braċain air an tábla agus baṁal bainne os coinne aċan fear.

Duine beag múinte macanta, cóir croiḋṁail, a bí ann Aoḋ Ruaḋ. Aċ má tá, air a son sin, b'furust fearg a ċur air, agus insin ṁuirfaḋ se an saol ṁór. Síomaiḋ cúrsa beag grinn a ḃíoḋ eadar Máire Ṁór agus Aoḋ, agus ḃíoḋ cuid de na stócaiġ eile dá ċataḋ suas leis go raḃ sé ag braċ air Ṁáire, agus ċuireaḋ seo air an daoraiḋ air faḋ é.

Air sgor air biṫ, ḃí cionn de na baṁail agus ḃí ceanal de ġearḃ, no ball buiḋe, air a taoiḃ, air an taoḃ astuiġ. Ḃí fios aig Máire go ró-ṁaiṫ naċ raḃ mórán áird aig Aoḋ air an ḃaṁal sin, aċ ḃí cinnte gurḃ é sin an baṁal a ċuirfaḋ sí a gcoṁní roiṁe. Le sgeul fada a ḋéanaḋ gairid, ṡuiḋ na fir asteaċ annsair an ḃraċán agus ḃí an uile ḋuine go h-aoiḃneaċ agus aċan rud ag gol ann tosaiġ go maiṫ gur ċuir Aoḋ sórrú sa ḃall buiḋe, agus gur toisiġ na buaċailli ag sít-gáiriġ, agus gur toisiġ an ċuid eile againn ag pléasgaḋ leis na gáiriġ agus gur ṫubair gur sgoilt an treanḃean sa ċoirneal—agus í ag leigint orti a ḃeiṫ ag bagairt air Ṁáire ruit an ama.

“Maise caor teintean air do spága móra!” arsa Aoḋ, ag tiunta air Ṁáire. “Nar iarr me ort gan an baṁal salaċ sin a ċur róm níos mó?”

“Maise, ċiaċais ó! naċ tú tá beadaiġ!” arsa Máire. “Ól leat do ċuid ḃraċáin insin! Tá an saiteaċ co glan leat-féin.”

“Tóg leat as m' aṁarc é, ná ḃrisfiḋ me air do ċionn ṁaol é!” arsa Aoḋ.

“Arú, go dé tá air, a ḃreallam?” arsa Máire.

“Tóg leat é! Cuirfaḋ sé samnas air an diaḃall!” arsa Aoḋ, agus aċ ab é go raḃ an treanḃean ag cur a gcéill go raḃ sí ag bagairt air Ṁáire a leitiḋ a ḋéanaḋ, ní fuil fios go ḋé ḋéanfaḋ an fear millteanaċ. Aċ a ndéiḋ moran blandair socruiġ sí fa ḋeireaḋ é.

Nuair a ḃí am cullata ann ḋúirt mo ṁaṫair-ṁór an Paidirín agus ċuamuid uilig a luiġe.

VI.—Bradan Sórruiġeaċ.

Teaċ bréaġ sglátaí a ḃí a dteaċ mo ṁaṫar-ṁóire, agus ċuaiḋ me-féin agus m' unncal suas an staeire a luiġe. Buḋ é sin an áit ab feárr leis cullaḋ, de ḃriġ go dtiocaḋ leis an fearṫainn a ċluinstin air na sglátaí.

“ Béiḋ lá mór amáraċ againn?” arsa mise.

“ Buḋ ċóir go mbéaḋ,” arsa m'unncal, “ tá tuile bréaġ san óinn agus tá se ag cur leis. Éist leis an fearṫainn sin!

Sul a deaċamuid a luiġe d'fágmuid aċan rud réiḋ fa ċoinne na mainne.

“ Seo mo slat iarsgaireaċta—agus mo ċuid dúan—agus mo ċuid cuileogaí móra—agus mo ċuid tubaca—agus mo piopa,” arsa m'unncal leis-féin go beag.

“ Ní fuil moran eugla go ndeánfiḋ tú dearmaḋ de rud air bit?” arsa mise, ag tóirt fa dear mar ċuiṁnig se air an piopa.

“ Ní tig briste a ḋéanaḋ gan snaṫaḋ, a Ṡéamuis,

"Toisiġ mé ag brionglóidiġ air na bradain."

agus ni ṫig iasgaireaċt a ḋeánaḋ gan toit de'n ṗiopa. Ca bfuil do ċruman?" arsa sesean.

"Tá se ag croċaḋ air bacan os cionn leapa Aoid Ruaiḋ," arsa mise.

"Agus do ṁála?"

"Tá se ṡios-adai a gcúl an dorais."

"Caiṫfamuid cullaḋ go h-éadrom, a Ṡéamuis, ná caiṫfamuid a beiṫ air ar gcois go luaṫ?" arsa m'unncal.

"Ni baol dúinn," arsa mise, "agus le cuideaḋ 'n Rig deánfamuid sgrios dearg air na bradain. Bfuil duiṁne agat air an ċionn ṁór a d'imiġ orainn anuiriḋ aig Pull na Péiste?"

"Tá mo ṡáiṫ, agus tá dúil as Dia agam, a Ṡéamuis go gcuinneoċaiḋ tu súil níos géire ann do ċionn amáraċ."

"Maise, ni fuil fios agam faoi 'n spéir," arsa mise, "go dé tainic orm an lá-adai, ná ċuir me an cruman a bfasta go maiṫ ann, agus fuair an biṫúnaċ air siul sul a raḃ fios agam ca 'n áit a raḃ me mo ṡeasaḋ."

"Ḃí barraiḋeaċt sputair ort, a Ṡéamuis," arsa m' unncal.

"Buḋ ḃreág an t-iasg é, agus buḋ ṁór an truaige naċ bfuairmuid greim air!" arsa mise.

"Bioḋ aige!—bioḋ aige, a Ṡéamuis!—culluig, a Ṡéamuis, culluig!" arsa m'unncal ag titim na ċullaḋ.

"Béid me mo ċrap cullata air an bumaite," arsa mise ag druid mo ṡúile. Aċ air a ṡon sin, ċa raḃ me a ḃfad mo ċullaḋ gur toisiġ me ag brionglóidiġ air na bradain, agus go h-áiriġ air an ḃradan mór a d'imiġ orm an ḃliain roiṁe.

Ṫannaiceas dam go raḃ me-féin agus m'uncal air ḃruaċ na hÓnna aig Pull na Péisce, agus gur éiriġ bradan sórruiġeaċ, aċ nar ġreamuiġ se.

"Fuair tú preab bradain?" arsa mise, agus mé ag brionglóidiġ liom.

"Cuimniġ go maiṫ air gcúl!" arsa m'uncal. "Is cinnte go ḃfuair me preab, agus preab riġúil, aċ tá eugla mo ċuirp orm go ḃfacaiḋ se sinn—air gcúl leat!"

"Caiṫ tarais arísṫ!" arsa mise.

"Ní ḟuil faic a ṁaiṫ caṫaḋ tarais go cionn tamaill ḃig," arsa m'uncal.

"Ca tuige sin?" arsa mise.

"Tá," arsa m'uncal, "mar naċ maiṫ le bradan éiriġ dá uair a ndéiḋ a ċéile. Da gcaiṫfinn os a ċionn, d'ḟeudfaḋ se éiriġ agus d'ḟeudfaḋ naċ n-éireoċaḋ; agus da n-éireoċaḋ féin, ní dóiċe go mbeirfaḋ se air an dúan. Ar an ádar sin, a Ṡéamuis, caiṫfamuid sgríste beag maiṫ a ṫóirt dó."

"Raḃ moran méid ann, a uncail?"

"Méid?—Ní ḟacaiḋ me a leiṫid ariaṁ! Tá ruball air co leaṫan le beul bairille, agus aċan eiteog air a ḋruim a dtiocaḋ leat do hata a ċroċaḋ air!"

Tugaḋ anal maiṫ do'n ḃradan, agus insin toisiġ m'unncal ag caṫaḋ ṫarais ar ais arist; agus, co cinnte as tá me beo d'éiriġ mo bradan breáġ anios, rug air an ċuileoġ, aguis síos leis, an méid a ḃí ann a ċorp, go tóin an ṗuill. Ċa raḃ se a ḃfad air tóin an ṗuill gur ṁoṫuiġ se go raḃ rud inteaċt cuntrailte le na soc, agus as go bráċ leis síos an óinn. Nuair a ṡiuil se bórdaiġ air ċeaṫraḋ míle ṫiuntuiġ se, agus anios leis an bealaċ cianna ar ais! Ag teaċt go beul an ṗuill dó, d'éiriġ se go bárr an uisge, agus a nDéiḋ socrú insin tumall beag ṫug se ruaig eile síos, agus anios, agus síos ar ais arist, ionas go silfá go raḃ an sean ḃuaċaill é-féin astuiġ ann.

Fa deireaḋ ṡiar ṫall ṫug se boc-léim aṁáin amaċ as an uisge, agus síl me-féin go raḃ se air siul, aċ ní raḃ baol air. Is cosúil go raḃ an dúan a ḃfasta ann a ċrumog, sin mar ḋéirfá, ann a ċarbad iaċtaraċ, agus nuair a ḟórruiġ m'unncal sin, ṫug se uċdaċ mór dó. Ṫoisiġ se air an bumaite ag toċaint agus ag teannaḋ air an toirt ṁillteanaċ a ḃí faoi na súile.

"Tá eugla ṁór orm," arsa mise, "go gcuirfiḋ an t-oganaċ sin cruaiḋ go leor ort."

"Beirim a dúllan anois," arsa m'unncal, "da ṫiunta bolg bán air bárr an uisge mar ṫiuntoċa stacan. Insin leig se síos giota beag eile an óinn é, aċ an dara bumaite ṫiuntuiġ se bolg bán ar ais é; agus creidim go raḃ se air an dóiġ sin air fios uaire ná nios mó.

"Go dé beir ort a beit ag cuinneailt a ċinn os cionn an uisge air an dóig sin?" arsa mise.

"Le na taċdaḋ," arsa m'unncal.

"Maise, ní feicim go de'n dóig a dtiocaḋ a ḋeánaḋ," arsa mise.

"Taċdann an t-uisge iad," arsa m'unncal, ag tiunta an bradain aríst agus da tarraint asteac cógaraċ do'n bruaċ. "Anois, a Ṡéamuis! Ca bfuil do ċruman?—Deán deifre!—Go socair leat!—Sin an dóig!—Glac d'am—glac—Mait tú!—mait tú!—mait—"

"A Ṁaigdean Ṁuire!" arsa Aoḋ Ruaḋ ag musglaḋ go tubann agus ag leigint míle murdar as a ċrait na sglátaí air an teaċ.

"Teann! teann! a unncail," arsa mise, agus an cruman a bfasta a leis an ḟir Ruaiḋ agam agus mé cinnte gurb é an bradan mór a bí agam!

"D'anam 's do ċorp, a bitúnaig big! Tá me pullta agat!" arsa Aoḋ Ruaḋ ag breit greim muineil orm-féin, agus do mo ċrataḋ co mór sin gur ṁusgail me fa deireaḋ.

"A Ṁatair Beannuig!" arsa mise nuair a ċannaic me an millteanas a bí deánta agam.

"Go dé na geasraċa atá ag teaċt ort, a Ṡéamuis?" arsa m'unncal ag preabaḋ amaċ as an leabaiḋ agus anuas an staere mar béaḋ gearfiaḋ frannсaċ ann.

"Á, ná bí cainnt!" arsa mise. "Ná bí cainnt, a unncail! Bí me ag brionglоidig, agus ag rábaillig agus ag iasgaireaċt, agus síl me gurb é an bradan mór-adal a bí agam."

"M'anam, naċ ḃfacaiḋ me a leiṫid sin de iasg-aireaċt ariaṁ!—Ḃfuil caill ort, a Aoiḋ?" arsa m'unncal nuar a ḟórruiġ se an Fear Ruaḋ ag cumailt na fola ḋa láirc.

"Ni fuil moran" arsa Aoḋ "aċ sé Dia a sábail mé nar stróċaḋ an meanaċ asam."

A nḋéiḋ an fear leonta a ċur a luige ċuaiḋ me-féin agus m'unncal suas an staere ar ais agus na gáiriġ ag briseaḋ air an beirt againn. Sinnmuid sinn-féin air ar leabaiḋ agus ċar ṁusgail duine againn go raḃ spéirti 'n lae ann.

VII.—Braon Tae.

"Ḃfuil tu musgailte, a Séamuis?" arsa m'unncal liom-féin aig amharc lae air maidin.

"Tá," arsa mise ag cumailt mo ṡúile.

"Ruiṫ na fuinneoige go ḃfeicid tú an ḃfuil Crann Séamuis Ṁóir ag bugaḋ" arsa m'unncal.

Preab me-féin amaċ as an leabaiḋ mar ḃéaḋ meannan góir ann, agus ḃí lutair mór air m'unncal nuair a d'innis me dó go raḃ an crann ag bugaḋ.

"Tá" arsa mise "agus ni facaiḋ tú a leiṫid de ġriosail ariaṁ as tá se ag fáil."

"Maiṫ go leor" arsa seisean ag tóirt boc-léim aṁáin amaċ air an urlar agus ag gol na fuinneoige é-féin, air eugla naċ raḃ me ag innse na firinne.

"M'anam, a Ṡéamuis, go ḃfuil an fírinne agat!" ar sé. "Tá sé ag bugaḋ go bagánta!—Cuir ort do ċirteaċ co tiuṫ as tig leat, agus ruiṫ síos na cisteanaiġe agus cuir síos teini."

"Raċaiḋ," arsa mise, ag cur orm go tapaiḋ, agus ag tóirt m'aeiḋe air an ċisteanaiġ.

"Fan, a Ṡéamuis!—Dtig leat tae a ḋéanaḋ!"

"Ṫig liom go maiṫ," arsa mise.

"Tá sé co maiṫ againn rud inteaċt a fáil le h-iṫe sul a ḋémuid amaċ," arsa m'unncal.

"Is cinnte go ḃfuil an ceart agat insin nó ní ḃéiḋ mórán pléisiuir againn mur ḃfagaiḋ," arsa mise agus ḃí fios agam go maiṫ fosta, nar lú air m'unncal an sioc ná a gol a iasgaireaċt na ċrosgaḋ.

"Agus tá tú cinnte go dtig leat tae a ḋéanaḋ?"

"Tá me fíor-ċinnte go dtig," arsa mise. "Ḃí me mo ċócaire ċliste ariaṁ, agus cuirfiḋ me sgilinn go nḋéanfiḋ me bricfosta duit a ċuirfeas aoiḃneas air do ċroiḋe."

"Cuirfiḋ me cúig sgilne a n-aeiḋ do sgilinn naċ dtig leat tae a ḋéanaḋ mar is cóir?"

"Maiṫ go leor," arsa mise. "Má sásuiġim tú anns an ḃraon atá me ag gol a ḋéanaḋ duit, creidim go mbéiḋ tú sásta?"

"Béiḋ cinnte agus ġeoiḋ tú do cúig sgilne" arsa m'unncal.

"Ċuaiḋ me-féin síos an staere insin agus ċuir me síos toirt ḃréaġ teineaḋ air dtús. Insin ċuir me síos an cetel agus fad as ḃí an t-uisge da ṫéaḋ ċuir me an t-eudaċ air an tábla, nig me na cupaí agus na capain, agus sgiur me na sgiona. Nuair a ḃí seo déanta agam, fuair me arán, im, agus uaċtar, siucra salann, agus pibear. Ċuir me sios leaṫ-ḃuisín uiḃeaċ insin, agus fad as ḃí siad da mbruit, fliuċ me na tae.

Nuair a ṫainic m'unncal asteaċ na cisteanaiġe ḃí aoiḃneas mór air fad air nuair a ċannaic se an obair a ḃí déanta agam—Aċan rud sgiobṫa sguabṫa mar béaḋ bioran úr ann.

“M'anam, a Ṡéamuis, go bfuil tú do ċócaire amaċ!” ar se, “agus tá eugla ṁór orm go gcaillfiḋ me mo ċúig sgilne.”

Suiḋmuid araon sios insin agus rinnmuid bric-fosta sórruiġeaċ. Anois agus arist tiocaḋ leat a feiceal air an dóig a raḃ m'unncal ag luiġe asteaċ leis na neaṫantaí a ḃí roiṁe, gur taitean mo ċócaireaċt go maiṫ leis. “Iṫ leat, iṫ leat,” a deirfaḋ se, “bricfosta maiṫ leat na h-iasgaireaċta.” Agus b'fíor dó, ná ċa deaċaiḋ me-féin a iasgaireaċt ariaṁ air bolg seang naċ dtainic me na ḃaile agus car searḃ orm.

“Go dé mar ṫaitneas an tae leat, a unncail!” arsa mise, a ndéiḋ mo ċriteaḋ uiḃ a ċur as aṁarc.

“Níor ól me ariaṁ tae ní b'fearr!” arsa seisean, ag glanaḋ a ḃéil agus ag tarraint amaċ a sparain.

“Seo ḋuit!” ar se, ag cur na cúig sgilne asteaċ ann mo láiṁ.

“Maise, go raḃ míle maiṫ agat!” arsa mise.

"Níor ṡaoṫruiġ me airgead ariaṁ co furust as ṡaoṫruiġ me an t-airgead sin, agus ma ṫéim ann tosaiġ mar atá mé dá ḋéanaḋ ní fada go mbéiḋ airgead an ṗórta agam."

"Caiṫfamuid a ḃeiṫ ag gol anois, a Ṡéamuis!" arsa m'unncal, "agus caiṫfiḋ tú innse dam, air an bealaċ, go dé'n ḋóiġ a ḋeárn tú an tae."

"Ní fuil rud air biṫ air doṁan níos fusa," arsa mise, ag cur orm mo ṁála.

"Go dé an ċiod rud a níos tú?" arsa m'unncal, ag caṫaḋ a ṡlat-iasgaireaċta tar a ġualainn.

"'Sé an ċiod rud a níḋim," arsa mise, "a gol ann tubair fá ċoinne canna uisge. Insin beirim liom an cetel agus niġim é, taoḃ amuiġ agus taoḃ astuiġ. Líonaim insin é le fíor-uisge, agus cuirim air an teiní é."

"Agus an darna rud, a Ṡéamuis?"

"Ġeibim pota an tae insin, agus niġim go maiṫ le h-uisge galaċ é."

"Naċ ndéanfaḋ uisge fuar graite?"

"Ċa ndéanfaḋ air ċor air biṫ," arsa mise. "Ma nitear tae mar is cóir, caiṫfar pota an tae a niġe a gcóṁní le h-uisge galaċ."

"Maiṫ go leor, a Ṡéamuis, ann tosaiġ leat!"

"A ndéiḋ pota an tae a niġe go maiṫ, cuirim an tae tirim asteaċ, agus dóirtim an t-uisge galaċ anuas air. Aċ sul a ndéanaim seo beirim aire maiṫ go bfuil an cetel ag guil. Cuirim an clár air mo ṗota tae insin agus fágaim a ċois na teineaḋ é cúig bumaite nó mar sin."

"Agus naċ gcuirfá air an teiní air ċor air ḃiṫ é?" arsa m'unncal, agus aċan súil ann a ċionn co mór le h-uiḃ ċirce.

"Ċuirfinn, da ndéanfinn mar nios moran de ḋaoiní eile, aċ ní tae a ḃéaḋ agam," arsa mise, "aċ niṁ."

"Niṁ?" arsa m'unncal.

"Seaḋ," arsa mise, "niṁ. Aċ da mbuḋ ṁaiṫ liom cupa maiṫ tae a ḋéanaḋ, ċa gcuirfinn ró-ċógaraċ do'n teiní é air eugla go raċaḋ se a ġuil."

"Agus go dé'n doċar a ḋéanfaḋ an ġuil dó, a Ṡéamuis?"

"Tá," arsa mise, "tá ceanal de niṁ sa tae a dtugann siad *tannin* a mBeurla air, agus ma ṫarraintear an tae an dóiġ ċuntrailte tiocaiḋ an niṁ sin amaċ."

"Agus a mbeiteá da ṫarraint an dóiġ ċuntrailte da gcuirfá pota an tae air ḃárr na teineaḋ le na ċur a ġuil."

"Is cinnte go mbéinn. Ma ḃíonn an t-uisge ag guil air dtús ní ḟuil an darna guil a ḃiṫ air agus, mar naċ bfuil fios ocú an punnte riaċtanaċ seo, ní ḟuil aig moran de ṁuintir na tíre da ól aċan lá aċ niṁ"

"Arú, bí do tort, a Ṡéamuis! Go de'n dóiġ a dtiocaḋ le niṁ a ḃeiṫ a dtae?"

"Agus go dé'n faṫ naċ dtiocaḋ? Ar ċualaiḋ tú iomra ariaṁ air an fear a ċuir a foan ḃriste asteaċ a bpota agus gur ḃuin se uisge-beaṫa as?"

"Maise, ċar ċualaiḋ," arsa m'unncal.

"Nior ċualaiḋ!—Tá eugla orm, a unncail, gur ċuir tú moran de do ċuid ama amaṁa air an sgoil. Air sgor air biṫ tá fios agat go dtig uisge-beaṫa a buint as corna, agus naċ bfuil sin go direaċ co h-iontaċ le niṁ a buint as an tae?"

"Tá sé iontaċ go leor, a Ṡéamuis, agus cluinnim go dtig uisge-beaṫa a buint as siucra agus neaċantal milse eile?"

"Tig," arsa mise, "agus tig liomsa innse duit le na ċois sin, go dtig uisge-beaṫa a buint as aċan rud da bfásann air ḋruim an doṁain!"

"Go moltar an Riġ! Tá sin sórsuiġeaċ air fad, a Ṡéamuis, agus na ḋéiḋ sin, creidim go bfuil sé fior."

"Feudann tú a beiṫ cinnte go bfuil, a unncail; agus ma ṫig uisge-beaṫa a buint as sean briste, ca tuige naċ dtiocaḋ niṁ a buint as an tae?"

"Dara leora, tá an firinne agat, a Ṡéamuis!"

"Agus rud eile, a unncail, go dé tá a n-uisge-beaṫa aċ niṁ?"

"Ḋeón greim go bfuil an ceart agat insin, a Séamuis. Tá an biotailte ag marḃa nios mó ná an niṁ."

"Tá an biotáilte ag cur an doṁain ṁóir as a gcéill; agus an tae naċ ndeántar mar is cóir tá sé co h-olc."

"Agus an mian leat a rá, a Ṡéamuis, gur cóir dúinn stad de'n tae air fad, ó ṫarla go bfuil sé co dainnsearaċ sin?"

"Ní mian liom rud air biṫ de'n tseort. Sílim nać bfuil rud air biṫ air doṁan co maiṫ le braon tae deánta air an dóiġ ċeart."

"Agus go dé do barúil do na daoiní a ólas a gcuid tae gan bainne?"

"Tá, go bfuil sé an-dainnsearaċ, a unncail."

"Da mbéaḋ sé deánta mar buḋ ċóir, a Ṡéamuis?"

"Deánta go maiṫ no go h-olc, is cuma ceoċú, tá tae gan bainne dainsearaċ: Cupa tae gan bainne, ní fui' faic a ṁaiṫ ann; cupa tae agus bainne air, tá sé maiṫ, agus an-ṁaiṫ; aċ cupa tae agus uaċtar air, tá sin seaċt n-uaire níos feárr."

"Go raḃ míle maiṫ agat, a Ṡéamuis! Is cinnte gur fiú ór tú! Aċ caiṫfamuid a beiṫ ag imeaċt anois. Tiḋim go bfuil Crann Ṡéamuis ṁóir dá ġreadaḋ, agus tá me cinnte go bfuiġmuid bradan ná beirt."

VIII—Ameasg na mBradan.

"Ca'n áit a raċamuid ar dtús?" arsa mise.

"Raċamuid síos go Poll na Carraice a'ċiod uair agus as sin go Poll na Fuinnseoige; agus as sin siar go Poll na Péirce. Nuair a ḃéas iasgaireaċt na dtrí bpoll sin deánta againn tá me ag smaoitiu go mbéiḋ am dinneara ann," arsa m'unncal.

Ṡiuilmuid linn síos an cabsa agus siar an bealaċ-mór, aċ ċa deaċamuid a bfad go bfacamuid bean ag teaċt ċugainn.

“Go sáḃailiḋ Dia sinn!” arsa m'unncal, ag tóirt léim tar ċloiḋ an ḃealaiġ-ṁóir agus amaċ air an ċaoran.

“Go dé na gearraċa atá ag teaċt ort?” arsa mise, ag rataiḋ na déiḋ co maiṫ as ṫainic liom.

“Siuil leat, siuil leat!” arsa seisean. “Naċ bfeiceann tú an bean ag teaċt aniar-adaí?”

“Troim—An bean ṁire atá innti?” arsa mise, “ná go dé'n eugla atá ag teaċt ort?”

“Naċ bfuil fios agat, a Ṡéamuis, naċ mbéaḋ faic a ṁaiṫ dúinn a ġol a iasgaireaċt a ndéiḋ bean a ċasdail orainn?”

“Arú, bí do tost, a unncail! Go dé'n doċar a ṫiocaḋ leis an ċréatúr a deánaḋ?” arsa mise, aċ ní raḃ gar a ḃeiṫ leis, agus air siul liom-féin air lorg a fála go raḃmuid araon giota maiṫ ó'n ḃealaċ-ṁór. Insin suiḋmuid síos air ṫúrtog go deaċaiḋ an ḃean ṫart. Air siul linn insin agus níor stadmuid go raḃmuid aig Pull na Carraice.

“Go dé do ḃorúil anois?” arsa mise le m'unncal, agus é ag tarraint amaċ a ṗíopa agus bucsa lasog.

“Tá,” arsa seisean, “go mbéiḋ lá mór againn, a Ṡéamuis. Tá an ġaoṫ agus an t-uisge fóirsteanaċ go maiṫ, agus mur ḃfámuid iasg aniú béiḋ iontas mór orm.”

Ḃímuid nar suiḋe fá tuairim ceaṫraḋ uaire, agus ruiṫ an ama ní raḃ focal aig ceaċtar againn—m'unncal ag caṫaḋ a ṗíopa agus a dá súil san uisge; mise ag sgiuraḋ mo ċruman agus ag briseaḋ amaċ ag gáiriġ aċan uair a smaoiteoċainn air an ċleas a d'imirmuid air an ṁnaoi boiċt.

“Go de'n gáiriġ atá ort?” arsa m'unncal.

“Tá me ag smaoitiu air an rása a tug an bean-adaí dúinn,” arsa mise, ag briseaḋ amaċ arist.

“Sé Dia a bí linn nar casaḋ orainn í!” arsa m'unncal, ag buint an píopa as a beul agus da sinneaḋ annsorm-féin.

“Seo duit, a Ṡéamuis! Glac toit sul a dtoirisgmuid.”

“Go raḃ maiṫ agat, a unncail,” arsa mise, “ní ċaiṫim.”

“Uċ, bí do tort. Caiṫ toit beag, tá an lá fuar. Ní fuil fios agat naċ é an t-áḋ a ċuirfaḋ se ort?” arsa seisean, agus le na sású rug me air an píopa agus ċaiṫ me liom go raḃ me cóir a beiṫ tinn.

Fa ḋeireaḋ siar ṫall d'éiriġ m'unncal na seasaḋ agus toisiġ se ag iasgaireaċt, aċ ma toisiġ, ḋeón preab ná preab a bí se ag fáil, agus bí mise ag smaoitiu ann m'inntinn-féin go mb'féidir gurb í an bean-adaí a ċuir a seaċt mallaċt orainn. Aċ air a son sin, ní raḃ a bfad gur musglaḋ as mo smaoitiġte mé, ná bí m'unncal fa ḋeireaḋ a bfasta a mbradan, agus ċar ċaill mise moran ama gur ċuir me mo ċruman ann, agus gur fág me sinnte air an feur glas é.

Toisiġ se ar ais, agus ní raḃ a bfad go raḃ se a bfasta a mbradan eile, aċ ma bí, ní fuairmuid asteaċ co ḃug leis an ċiod ċionn é. Tug sé boc-léim amáin amaċ as an uisge agus suas annsan aer deiċ dtroiṫe ná níos mó! Co luaṫ as ṫiṫ sé san uisge ar ais, as go bráċ leis síos an ḃinn aċ ċa deaċaiḋ sé a ḃfad gur ċuir sé ann a ċionn tiunta. Aníos ar ais arís leis insin agus nuair a tainic sé go beul an ṗuill tug sé boc-léim eile agus air ṡiul síos ar ais leis. Le sgeul fada a ḋéanaḋ gairid, ḃí an bradán sin aníos agus síos, anonn agus anall, ag léimnig agus ag boc-léimnig air ḟiog uaire an ċluig sul ar ṫiunṫuig sé bolg bán agus gur ṡáiṫ mise an crúman ann.

"Buḋ ṁaiṫ an pull beag é sin!" arsa m'unncal, ag aṁarc síos go bródúil air an dá ḃradán. Ḃí ceann acu bórdaiġ air deiċ bpunta air meáċan, agus ḃí fiċe punta annsan ċionn eile má ḃí unnsa ann.

"M'anam gur ṁaiṫ," arsa mise, "agus mur ḃfámuid aċ an cúpla seo buḋ ċóir dúinn a ḃeiṫ sásta, go maiṫ."

"Tá obair lae ṁaiṫ déanta againn, a Ṡéamuis, agus tá sé co maiṫ againn an píopa a líonaḋ anois."

"Tá," arsa mise, "agus béiḋ toiṫ ḃeag eile agamsa."

"Ṁaiġe, ní ḟuil mórán doċair duit, ná ċuir an toiṫ deireannaċ ád mór ort. Is cinnte gur ċuir tú an crúman go cliste calma annsan dá ḃradán sin. Aċ ré Dia a ṡábail tú, a Ṡéamuis! Ṫubair duit tiṫim asteaċ san ḃinn uair aṁáin."

Suiḋmuid síos insin air ḃruaċ na hónna, líonaḋ an píopa, agus a ndéiḋ a ḋeargaḋ ċaiṫmuid ar sáit. D'éirig m'unncal na seasaḋ a gcionn tumaill big agus ag breit air an tslait, “Ḃéirfiḋ me iarraiḋ eile air an bpull seo,” ar se. “Ní fuil fios naċ bfuinn iasg eile.”

Aċ a ndéiḋ iasgaireaċt an puill a ḋeánaḋ síos agus aníos go healaonta eolaċ agus go stuama stuideasaċ air fiog leaṫ-uaire ná níos mó, ḋeón a raḃ aige air a son aċ na cuileogaí tárnoċta.

“Ní fuil maiṫ ann, a Ṡéamuis, ní fuil maiṫ ann. Tá me cinnte go bfuairmuid a raḃ sa pull sin, agus tá sé co maiṫ againn a beiṫ ag bugaḋ linn go Pull na Fuinnseoige.”

“Ní fuil mise co cinnte de sin, a unncail,” arsa mise, “agus ma beir tú an tslat daṁsa cuirfiḋ me geall go mbéiḋ me a bfasta a mbradan roiṁe cúig bumaite.”

“Arú, leig dúinn, a Ṡéamuis!” arsa m'unncal, ag briseaḋ a ċroiḋe ag gáirig.

“Tóir daṁ an tslat air sgór air biṫ,” arsa mise, “agus béiḋ fios agat. Tig leatsa do sgrirte a ḋeánaḋ agus do píopa a ċataḋ fad as béas mise ag corruigeaċt leis an bradan.”

“Leig dúinn, a deirim, le do ċuid amuidig! Ní fuil cloċ ná coirneal de'n pull sin naċ bfuil fios agamsa, agus is cinnte naċ mbeiteá ṫusa aċ ag cur an lae amaṁa.”

“Ċá n-iarraim aċ cúig bumaite, agus mur mbéiḋ me a bfasta a mbradan fa'n am sin tig leat sgairtig orm, agus béiḋ me co úl le h-uan caoraċ.”

"Maiṫ go leor, a Ṡéamuis, maiṫ go leor! Stróc leat, a Ċailleaċ, stróc leat!" arsa m'unncal, ag tarraint amaċ a píopa agus dá ċaṫaḋ-féin síos air an feur glas.

Rug me go luṫaireaċ air an tslait ann mo ḋórn, ag dearcaḋ go geur air aċan ált duiṫe, air an ruaim, air na cuileogaí, agus air an rota.

"M'anam, a Ṡéamuis, go bfuil tú ag buint na gáiriġ asam," arsa m'unncal. "An ag fáil loiċd air na cuileogaí atá tú? Tá siad sin taite."

"Ní fuil iontú aċ mioltogaí gránna, a unncail," arsa mise. "Tóir daṁ do leor cuileog."

"Maise, tá fios ag an tsaol orm, a Ṡéamuis, go bfuil tú ag cailleaḋ do ċéill air fad!" arsa seisean, ag cuartú ann a póca. "Seo duit!—agus mur ndeánfiḋ tú deisire béiḋ do ċúig bumaite caitte."

D'fosgail me-féin leor na gcuileog agus a ndéiḋ é a ċuartú ó ḃun go bárr tóg me an dá ċuileoig buḋ ṁó agus ċuir me air an ruaim iad. Tarrainn me amaċ as póca mo ḋeiste insin buideal beag meala a fuair me uair aṁáin ó seanduine beag lum liaṫ a casaḋ orm air ḃruaċ na hÓnna, agus ċuir me deor de'n ṁil air aċan ċuileog. Dúirt an seanduine beag liom dá mbéaḋ gan a beit san óinn aċ aon ḃradan aṁáin agus é a beit leat-ṁíle air siul uam go dtarrneoċaḋ se air an ṁil sin co luat as ċuirfí san uisge é.

Le sgeul fada a ḋéanaḋ gairid, toisig me gan moran muille ag iasgaireaċt, agus co cinnte as tá

" Ar go bráċ_leis síos an dinn."

ruball air ċat, ċa raḃ an ruaim san uisge agam gur sgiobaḋ air siul na cuileogaí go tóin an puill. Cibé ceanal éisg a ḃí ann, ċaiṫfeaḋ se go raḃ méid agus meaċan iontaċ ann, ná innean go deárn me mo ḋiṫeall le na ṁeallaḋ as an áit a raḃ se na luiġe, ḋeón cor ná bugaḋ ḋeánfaḋ se.

“Maise, plóid ort, a ḃiṫúnaiġ óig gan ṁaiṫ!” arsa m'unncal, ag tarraint orm-féin. “Naċ bfeiceann tú gur sean stacan atá tú a bfasta ann?”

Aċ ní mór go raḃ an focal deireannaċ as a ḃeul aige gur ċorruiġ an “sean stacan” agus as go bráċ leis síos an ḃinn, agus ċar ṫarrainn se anál go deaċaiḋ se asteaċ go Poll na Faoloige, agus as sin go dtí'n tSrat Ċam, agus as sin go Srat Ṁicil Ṁóir. agus as sin amaċ seir go dtí'n Guban. Ruiṫ an ama ḃí mise ag cuimneailt suas leis co maiṫ as ṫainic liom, mo ṫeangaiḋ amuiġ agam le teann tursa, mo luirgneaċa boċta ċóir a ḃeiṫ briste ag preabadaiġ agus ag boc-léimniġ ṫar ċloiṫeaċa agus fríd ċoillte dreasog, agus aċan léab de mo ḃristí ag croċaḋ air na tuim mo ḋéiḋ! Feudaim a rá naċ raḃ tuinnte air mo ḋruim.

Nuair a ṫainic an t-iasg millteanaċ fáḋ leis an Guban glac se an stad, agus socruiġ se é-féin a gceart-lár an puill ṁóir sin. Ḋar liom-féin, “A óganaiġ, ḋeánfiḋ an rára sin maiṫ duit,” agus mar síl me go raḃ se sáruiġṫe amaċ agam, ṫoisiġ me ag toċairt, agus ag teannaḋ air, agus da ṁeallaḋ, aċ ḋeón cor ná cor a ṫiocaḋ liom a ḃaint as. Ḃí se sean-ċionnta go leor, agus d'aṫainn me go maiṫ naċ raḃ fonn troda air go fóill beag, agus naċ raḃ se aċ ag tarraing a anala fa ċoinne an darna rása.

Nuair a ḟórruiġ muintir an ḃaile me-féin ag rataiḋ air ċos-anáirde a ndéiḋ an ḃradain agus an cruṫ a raḃ me ann, cionn-tárnoċt agus feudaim a rá cos-tárnoċt, agus mo ċirteaċ stróċta stiallta na ruibíni ag seideaḋ leis an ġaoiṫ, ċruinniġ siad anuas go bruaċ na hónna ionas go bfeicfa baicle ocú air aċan árdan agus cloiḋ air an dá taoḃ de'n uisge. Aċ sgoiltfa leis na gáiriġ da bfeicfa an sputar a bi air m'unncal agus é ag léimniġ tar ċloiteaċa agus ag forrú fríd ċraobaċa mar béaḋ splannc soillse as beul duḃ an táirniġ, agus an duine boċt ċóir a beiṫ báite le h-allus.

“Deón greim gur ceart tú, a Ṡéamuis! Tiḋim naċ bfuair se air ḟiul uait na déiḋ sin?” arsa m' unncal nuair a ṫainic se ann tosaiġ.

“Ṁaige, go bfuil se insеo go fóill,” arsa mise, “aċ tá eugla mo ċuirp orm go dtóirfiḋ se buaireaḋ duinn roiṁe bfaḋ. Tá se co maiṫ agatsa breiṫ air an tslaiṫ agus an cruman a tóirt damsa!”

“Is cinnte naċ mbeirim, a Ṡéamuis. Tá me ró-ċursaċ agus tá fios agam go maiṫ naċ dtiocaḋ liom coisigeaċt a ċuinneailt leis an iasg fiaṁ sin. Is tú-féin a béirfas air, a Ṡéamuis, ná réir mar tiḋim tá tú do iasgaire amaċ. Deán deifre, agus feuċ a dtiocaḋ leat é a ṁeallaḋ go bárr an uisge!”

"Tá me tursaċ da ṁeallaḋ, a unncal. Da gcaiṫfa asteaċ cloċ b'ḟeidir go gcuirfaḋ se bugaḋ ann?"

Ṫóg se gearr ċarraic ṁaiṫ cloiċe agus co luaṫ as ċaiṫ se asteaċ i ċorruiġ an bradan, agus seo anios é go ciuin socair go bárr an uisge! Agus, a Ṫiarna buiḋe óir, a leiṫid de ḃradan!

"Go dé do ḃorúil dó, a unncail!"

"Dar fiaḋ! ní ḟacaiḋ me a leiṫid ariam, a Ṡéamuis!"

"Go de'n meáċan atá ann, do ḃorúil?"

"Ḋeón fios agam, aċ tá me cinnte go bfuil an ruball atá air co mór leis an dá ḃradan a fuairmuid air maidin. Coiṁeaḋ tú-féin, a Ṡéamuis! Ná teann air go fóill—leig leis!"

A nḋéiḋ an córa sin, tug an bradan rása anonn go dti'n ḃruaċ ṫall agus anall ar ais go dti'n ḃruaċ abos. Insin ṫainic se anios go bárr an uisge, agus ḃí se ag gol a tiunta beul a ċinn sios an óinn nuair a ṫannaiceas daṁsa nar ċóir é a leigint ṅios suide an bealaċ sin; go h-áiriġ, mar ḃí droiċeaḋ maide giota beag taob ṡios dúinn. Air an áḋar sin toisiġ me ag teannaḋ air go dtug me air tiunta, agus an darna bumaite ṫug se boc-léim aṁáin amaċ as an uisge agus ag teaċt anuas dó ṡilfa gur sac mine a tit san uisge. Agus ċar stad se go deárn se an cleas cianna seaċt n-uaire, agus as go bráċ leis suas an óinn!

Ḃí se sáruiġte go maiṫ fa'n am seo, agus le na ċoir sin ḃí an tuile na aerḋ, agus mar sin dae, ní raḃ sé aċ ag siul go fadalaċ, aċ mar sin féin ḃí se ag teannaḋ ann tosaiġ go sórruiġeaċ. Ḃí pull mór cruinn aig Sraṫ Ṡéamuis Ṁóir a dtugti Cró na mḂradan air, agus is é mo ḃarúil gurb iomaiḋ uair a ċuaiḋ m'óganaċ, an priosúnaċ, agus na bradain eile fríd an Rinnce Fada ann, na b'ḟurust ainnte air go raḃ eolas maiṫ aige air an an pull sin. Ní raḃ órlaċ dae nar ċuartuiġ se, ag deánaḋ cuairt ḃeag a n-aċan ċoisneal, air nós duine ag fágail slán aig an tsaol roiṁe na ḃás.

“Ċogar, a unncail!” arsa mise, fa ḋeireaḋ siar tall, ag smaoitiu ann m'inntinn-féin go raḃ a sáiṫ cuartuiġeaċta deánta aig an riġ-ḃradan seo, agus gur miṫid dúinn leabaiḋ tirim a ṫóirt dó.

“Go dé sin, a Ṡéamuis?” arsa m'unncal.

“An sileann tú go ḃfuil an ruaim seo láidir go leor?”

“Na bioḋ eugla air biṫ ort roiṁe'n ruaim, a Ṡéamuis. Ní baol dó briseaḋ; agus réir mar ṫannaic me tá bumaite ó soin, tá an dúan a ḃfasta go maiṫ san iasg. Is áṁail go ḃfuair tú fad leis an pull seo é, mar go ḃfuil se an-ḟóirstineaċ air fad: ní ḟuil crann, ná tum, ná drisreog ann ar gcóir, agus tá an bruaċ coṫrom leis an uisge. Deán deifre, a Ṡéamuis! Tá se sáruiġṫe amaċ anois, agus ma fanann tú moran níos fuide caillfiḋ tú é!”

Le sgeul fada a deánaḋ gairid ṫoisiġ me ag toċairt agus ag teannaḋ gur áiriġ an bradan go raḃ

Cruinniġ muintir an baile go bruaċ na hónna.

rud inteaċt cuntrailte, agus nuair buḋ ṁian leis imeaċt leis síos an ḃinn ċuir mise an bac go teann teit air, ionas go mb'éigean dó tiuntá. Aċ ma ṫiuntuiġ, ṫoisiġ se ag léimniġ go millteanaċ suas agus anuas, anonn agus anall, go ḋeárn sé cúrsa daṁsa naċ ḃfacas a leitid ariaṁ. Aċ ḃí an méid agus an meáċan a ḃí ann da ṁarḃa le aċan ruaig agus le aċan léim. Fa ḋeireaḋ, d'éiriġ se co spadanta sin naċ raḃ se ábulta buġaḋ. Nuair a ḟórruiġ mise sin ní raḃ me a ḃfad gur ṫiuntuiġ me bolg bán é, agus go dtug me air siul liom anonn agus anall mar buḋ ṁian liom go raḃ se co hûl le h-uan caoraċ.

"Ca ḃfuil do ċruman anois, a unncail?" arsa mise ag stiuraḋ an ḃradain buḋ ṁó dar leag me mo súil ariaṁ air asteaċ cógaraċ do'n ḃruaċ.

"Tá me inseo, a Ṡéamuis, aċ tá eugla ṁór orm go ḃfuil se ró-ṫrom agam. Tá an cruman ró-ḃeag, agus ma ċuirim ann a taoḃ é d'feudfaḋ an greim ḃriseaḋ. Go dé do ḃorúil-féin, a Ṡéamuis?"

"Ḃí air do ċoiṁead, a unncail! Tá mise ag gol da ṫiunta bolg bán anois, agus nuair a tífeas tú a ċeann ag éiriġ cuir an cruman ann a ċarbaḋ."

Rinn m'unncal mar ar h-iarraḋ air agus leat-ḃumaite na ḋéiḋ ḃí an bradan mór sínnte air an leuna.

Ċuamuid na ḃaile insin agus ní raḃ ann aċ go raḃmuid ábulta na trí bradain a iompar. An ċiod bradan a ṁaruiġmuid, bí naoi bpunta go leiṫ air meaċan ann; bí an dara cionn cúig punta deug air meaċan; agus an triteaḋ cionn—an bradan mór—ná bíoḋ eugla air biṫ ort, a leiṫeoir, go bfuil me ag innse breug nuair a deirim leat go raḃ an bradan mór cúig punta deug agus fiċe air meaċan!

IX.—An Ṗéist Ṁór.

Ċuamuid a luiġe go luaṫ an oiċe sin, agus ċa ṁusgail ceaċtar againn go dtí'n mean lae laṫar na ṁáraċ.

"Preab amaċ, a Ṡéamuis, go bfeiciḋ tú go de'n t-am a bfuil se," arsa m'unncal, ag forsglaḋ a ṡúile.

"Tá se cúig bumaite go dtí'n dó-deug," arsa mise, nuair a dearc me air an ċlug.

"M'anam gur maiṫ an neul a ċulluiġmuid, a Ṡéamuis."

"Ṁaiġe maise, ċa raḃ mise mo ċullaḋ leat an ama, a unncail."

"Go dé tainic ort? Ḃí mise mo ċrap ó ḋruid me mo ṡúile aréir."

"Ḃí me ag brionglóidiġ agus ag rábailliġ suiṫ na hoiċe air an bradan ṁór."

"Ṁaiġe maise, ní fada go mbéiḋ féasda beag againn araon air stiall dé. An moṫuiġeann tú an bolaḋ breág blasta atá ag teaċt anios an staerc?"

"Corruiġ tú-ḟéin, Maire, agus bí do suiḋe!"

"Go de'n ceanal lae atá ann, a Ṡéamuis?"

"Lá bréaġ tirim, a unncail."

"Feuċ an bfuil crann Ṡéamuis Ṁóir ag bugaḋ."

"Tá se ag bugaḋ go baganta, a unncail."

"Maiṫ tú, a Ṡéamuis! Caiṫ ċugam mo ḃrístí, le do ṫoil, agus béiḋ me síos leat air an ḃumaite."

"Ṫilóiġ! ṫilóiġ oraiḃ! Ṫilóiġ oraiḃ suas insin! Bfuil siḃ ag teaċt anuas?"

"Cluinnim an tseanḃean ag sgairtiġ orainn, a Ṡéamuis. Deán deifre! Bfuil d'aeiḋ niġte agat?"

"Ṫilóiġ, a deirim! Tá mur mbricfosta réiḋ! Bfuil siḃ ag teaċt anuas? Maire, droċ-ṁúnaḋ oraiḃ, mur siḃ na fallsoirí ceapta!" arsa mo ṁaṫair-ṁór, ag sgairtiġ go han-ċunasaċ aníos an staere.

"Támuid ag ġol síos anois, a ġranaí," arsa mise.

Ċuamuid síos fa deireaḋ agus a ndéiḋ bricfosta sórruiġeaċ a deánaḋ, toisiġmuid ag deánaḋ réiḋ air ais fa ċoinne na h-iasgaireaċta. Aċ mar ḃéaḋ an mí-áḋ orainn d'árduiġ an ġaoṫ agus toisiġ se ag cur fearṫanna.

"M'anam go bfuil se ag bairteaḋ!" arsa m'unncal, ag tógailt a ċinn.

"Ṁaige Maire, go bfuil, agus ag stealladḣ," arsa mise.

"Ní ḟuil moran gar dáinn a ġol amaċ anns an fearṫainn sin, a Ṡéamuis."

"Ca tuige sin, a unncail?"

"Naċ ḃfeiceann tú go mbéiḋ an tuile ag éiriġ air ball beag?"

"Tiḋim. Tá fios agam go fior-ṁaiṫ naċ mbéaḋ faic a ṁaiṫ dúinn a ġol a iasgaireaċt leis na cuil-eogaí, aċ silfinn go mbéaḋ se taite aig na cuit-eogaí?"

"Ċa saloċainn mo láṁa ag iasgaireaċt le cuit-eogaí, a Ṡéamuis."

"Maise, ní fuil moran áird agam-féin ortú, aċ oiread, aċ na ḋéiḋ sin 's uilig ní ċuinneoċar sa teaċ an tranóna seo mé."

Rinn me-féin réiḋ insin: Fuair me leaṫ-ḋuisín de ḋúain cuiteog, agus ċuir me cionn ocú air mo ruaim, agus sáiṫ me an ċuid eile ocú ann mo ṗóca. Insin fuair me bucsa agus amaċ liom a gcúl an tuiġ go ḃfuair me spád, agus gur róṁar me giota maiṫ de'n ġáraiḋ. Nuair a fuair me an méid cuiteogaí a ḃí a ḋéim orm, ċuir me mo ṁála air mo ḋruim, ċaiṫ me mo slat-iasgaireaċta tar mo ġualainn, agus os cionn mo ċinn d'ḟorgail me sean numbrél mo ṁaṫar-móire.

"Maise, go moltar an Riġ!" arsa m'unncal, "ca ḃfuil tú ag gol leis an ġleus sin?"

"Tá me ag gol a iasgaireaċt," arsa mise.

"Ca'n áit, a Ṡéamuis?"

"Sios go Pull na Péiste."

"Tóir aire ṁaiṫ duit-féin air eugla go dtiocaḋ an Péist Ṁór ort, ná co cinnte as tá tú beo slugfiḋ sí siar ann a craos cáideaċ tú ma tiḋ sí tú agus an t-airteagal sgárruiġeaċ sin os do ċionn."

"Ní tóirim aird air biṫ air pisleogaí den tseort sin, a unncail," arsa mise, ag bugaḋ liom, agus an fearṫainn ag dórtaḋ anuas mar ḃéaḋ rud air biṫ ann. Níor stad me go raḃ me aig Pull na Péiste, agus gur ṗlanntail me me-féin air ḃarr na carraice. Ḃí luċair orm go raḃ a leitid de tuile ann, agus ḃí me cinnte naċ raċainn na ḃaile folaṁ.

Ag smaoitiu mar seo daṁ ċuir me mo slaṫ iasgaireaċta le ċeile, agus a ndéiḋ an ruaim a réitiu, ċuir me cuiteog air an dúan, agus ċaiṫ me amaċ sa tsruṫ é. Ṡuiḋ me síos insin go baganta air an ċarraic, agus mar go raḃ se ag stealladh fearṫanna, ċuimnig me an numbrél glan direaċ os mo ċionn. Numbrél an-ṁór a ḃí ann, agus buḋ ṁór an gar sin daṁsa, na ċuimnig se co tirim mé as da mbéinn a ċois na teineaḋ.

Ní lú orm-féin an sioc ná iasgaireaċt de'n tseort sin; aċ nuair naċ dtig uasaid a deánaḋ de na cuileogaí, caiṫfar a ḃeiṫ sásta leis. Mar sin dae, tarrainn me amaċ an píopa, agus a ndéiḋ a deargaḋ ċaiṫ me liom air mo fuaiṁneas gur fórruiġ me bárr na slaite ag lúbaḋ. Dar liom-féin, ag breiṫ air an tslaiṫ, "Sin cionn maiṫ," aċ nuair a tarrainn me go bárr an uisge é ,go dé, do borúil a ḃí ann aċ easconn salaċ! "Ní fuil gar daṁ an dúan sin a ċur amaċ ar ais," arsa mise liom-féin, ná siomaiḋ uair a ċualaiḋ me an sean-rá, "An dúan a ḃlasas easconn ní ḃéirfar air ḃreac go deo leis.” Air an áḋar sin, ċar ḃuin me an dúan as, aċ ġeárr me de'n ruaim é, agus ċait me amaċ sa tsrut easconn, dúan agus uile. “Amaċ leat!” arsa mise, “agus go raḃ pian ann do ḃolg go cionn miosa!”

Ċuir me suas dúan eile insin; greamuig me cuiteog air, agus ag ḃraṫ go mḃéaḋ áḋ níos feárr orm an iarraiḋ seo ċuir me sileog air. Ċait me amaċ é, aċ ní raḃ sé air tóin an puill go ḃfuair me greim fearúil. Rug me air an tslait go luṫaireaċ, aċ nuair a ṫarrainn me asteaċ é, deón a raḃ agam aċ oganaċ sleaṁain eile! “Droċ ċreaċ oraiḋ mar eascoinn!” arsa mise, dá ġeárraḋ de'n ruaim agus dá ċaṫaḋ amaċ mar a rinn me leis an ċiod ċionn

Ċuir me suas an tríteaḋ dúan ann sin, aċ ċá raḃ an ċuiteog faoi'n uisge go raḃ sí slugṫa aig damantoir mór duḃ eile! “Plóid fiorṫaid air do pór!” arsa mise, dá ċaṫaḋ an bealaċ a deaċaiḋ an ċuid eile.

Ċuir me suas an ceaṫraḋ, agus an cúigeaḋ dúan, aċ ní raḃ agam air a ṡon aċ oganaċ de'n dream cam cianna aċan iarraiḋ!

Ní raḃ agam anois aċ dúan aṁáin, agus ṫarrainn me amaċ é, ag smaoitiu ann m'inntinn-féin go mb'ḟéidir go ḃfuinn breac leis an ċionn deireannaċ. Ceangail me air an ruaim é, agus insin ċuartuiġ me go ḃfuair me cuiteog iontaċ mór a raḃ cionn geur duḃ-gorm orti. Ċóirig me an ċuiteog seo go blaṫṁar air an dúan agus ċaiṫ me amaċ é.

Suiḋ me síos insin air an ċarraic; líon me mo píopa; dearg me é, agus toisig me ag caṫaḋ. Ċaiṫ me liom air mo ṡuaiṁneas air ḟiog leaṫ-uaire ná níos mó, agus ruiṫ an ama níor ċuir an tslat oiread agus cor airti. Suiḋ me liom, agus ċaiṫ me liom go raḃ mo ċuid tubaca raite, agus nuair a tóg me mo ċionn fa ḋeireaḋ, ṡórruig me go raḃ balc ceaṫa ag cruinniu, agus go raḃ an gaoṫ ag éirig, agus splanncaċa soillse ag brisead amaċ anois agus arís. Ṫáinic eugla ṁór orm, mo ṡuiḋe insin liom-féin air an ċarraic ḋaimnsearaċ, agus naċ raḃ fios agam go de'n ḃumaite a siaḃfí amaċ sa tsruṫ mé.

Air an ḋóig seo ḃí me ag smaoitiu liom-féin nuair a ṡórruig me an tslat ag corrú, agus an darna bumaite lúb se suas go dtí 'n bun! Rug me go luṫaireaċ orti, aċ ma rug tubair go dtarrneoċaí me-féin agus í-féin asteaċ san ḃóinn!

“Dia ar sáḃail!” arsa mise liom-féin, “go de'n ceanal éisg a ḃfuil me a ḃfasta ann?” Agus ní raḃ an focal as mo ḃeul agam gur éirig an toirt ṁór ṁíoḟur os cionne mo ḋá ṡúil. Ṡil me a ċiod uair gur ḃradan a ḃí guite agam, aċ ní raḃ cosúlaċt air biṫ ḃradain ann, agus anois ḃí me cinnte gurḃ í an Péist Ṁór a ḃí agam! Ḃí sí na luiġe insin air an uisge, fiċe troiṫ air faḋ, agus co raṁar le gearr ḃolog! Sé an ċiod rud ar ċuir me sórrú ann,

An Péist mór

an dá súil teini-dearga a ḃí ann a cionn agus ḃí oiread eugla orm ruipí gur síl me aċan ḃumaite go dtóirfaḋ sí iarraiḋ orm le mo slugaḋ siar ann a craos ciocraċ. Agus, go moltar an Ríġ! da ḃfeicfa an méid fionnaiḋ a ḃí air a cionn agus air a muineal! Agus an dá ċluais, co fada le cluasa asail, a ḃí ag croċaḋ anuas léiṫe! Agus an dá liubar leatair a ḃí orti! Agus an dá ċarbad ṁillteanaċa a ḃí taoḃ astuiġ do'n dá liubar sin nuair a d'fosgloċaḋ sí a craos cosgaraċ!

Ní raḃ ball ann mo ċorp naċ raḃ air crit, agus mé mo seasaḋ insin, an tslat ann mo láiṁ ag aṁarc air an péist, agus ise ag aṁarc ormsa; ná ḃí eugla orm da dtógfinn mo súile airti go dtóirfaḋ sí iarraiḋ orm, agus naċ ḃfeicfinn solas an lae go braċ na síortaiḋ.

Air an dóiġ seo, ḃí me ag smaoitiu ann m'inntinn-féin go dé ar ċóir daṁ a ḋéanaḋ nuair a ṫainic splannc sórruiġeaċ soillse, agus toisiġ an tárneaċ agus an ġaoṫ agus an fearṫainn, ionas gur síl me-féin go gcaitfaḋ deireaḋ an tsaoil a ḃeiṫ ann. Ḃí me fíor-ċinnte go raḃ mé caillte agus naċ ḃfeicfaḋ mo ṁaṫair dilis a ċoiċe arist mé.

Agus mar ḃéaḋ an mí-aḋ orm, d'fág me numbrél mo ṁaṫar-móire fosgailte air mo ċúl, agus mar naċ raḃ moran faill agam breiṫ air nuair a rug me air an tslait, siabaḋ de'n ċarraic é, agus ḃí sé anois na suiḋe bun os cionn air an uisge agus ag seolaḋ as m'aṁarc!

Ní raḃ fios agam faoi'n Ríġ go dé ḋéanfinn, agus ḃí me ag smaoiṫiu, dá dtóirfinn iarraiḋ an tslat a ċaṫaḋ uam agus teiṫeaḋ, go mbéaḋ an ṗéist mo ḋéiḋ. Air an taoḃ eile, ḃí fios agam go maiṫ, dá bfanfinn mo seasaḋ air an ḋóiġ a raḃ me, go bfuinn bás leis an ocras. “Go ndéanaiḋ Dia trócair air m'anam!” arsa me, ag aṁarc ṫart, agus cé, do ḃorúil, a ḃí na seasaḋ air an ḃruaċ aċ Seaġan Ruaḋ!

“Maise, go moltar an Ríġ, a Ṡéamuis, go dé'n ceanal éisg é sin?” arsa Seaġan.

“Geall air Ḋia, a Ṡeaġain, cuidiġ liom! —Cuidiġ liom ná tá me caillte!” arsa mise agus mé ag gol a ċaṫaḋ na slaite uam.

“Cuinniġ greim ṁaiṫ air an tslait, a ċailleaċ!” arsa Seaġan.

“Tá eugla orm, a Ṡeaġain.”

“Ná bioḋ eugla air biṫ ort,” arsa Seaġan go beag. “ní ḃuinfiḋ sí duit, aċ ḃéirfiḋ sí triubloid ṁór dúinn sul a ḃfuimuid air an talaṁ tirim í.”

“Amuidiġ, a Ṡeaġain! Naċ ḃfeiceann tú gurb í an Ṗéist Ṁór atá ann?”

“Ċa n-eaḋ, a Ṡeamuis, aċ easconn bréag mára, agus dá dtiocaḋ linn breiṫ orṫi ḃéaḋ ar sáiṫ éisg againn go cionn blianna.”

“Ḃriost tú, a Ṡéaġain! Dá mbéinn ag fáil ḃáis leis an ocras ċa mblasfinn greim ḋe.”

"Bí do tost, a Ṡéamuis! Ní fuil ciall ar biṫ agat," arsa Seagan go beag leis-féin, agus d'fan se na seasaḋ insin, cúig ḃumaite ná nios mó, ag smaoitiu go dé ḋéanfaḋ se. Fa ḋeireaḋ lóir se:

"Fan tusa mar tá tú go ḃfuig mise an gunna, ná measaim naċ mbéaḋ faiḋ a ṁaiṫ dúinn a ḃeiṫ ag dréim le breiṫ air eascoinn de'n tseort sin gan oraċar a ċur inntí a ċiod uair."

"Go sábalaiḋ Dia mise!" arsa me-féin. "Déan deifre, a Ṡeagain, agus na ḃí a ḃfad amuig, ná ma ḃíonn tá eugla ṁor orm go mbéiḋ me itte suas beo beaiteaċ sul a mbéiḋ tú ar ais."

D'imig Seagan an méid a ḃí ann a ċorp, aċ ní raḃ se a ḃfad air siul gur sórruig me-féin an ṗéist ag bugaḋ! Tóg sí a cionn miofur fa tuairim cúig troite amaċ as an uisge, agus ḋearc tart! Nuair a tannaic mise sin tubair go raċainn síos fríd an talaṁ leis an eugla. Bí an t-allus ag rataiḋ síos liom, agus toirt mo ċuirp ag léaḋ agus ag éirig co beag sin, go raḃ me cinnte naċ mbéaḋ méid préata rósta ionnam a gcionn cúig ḃumaite eile.

Leig an ṗéist síos a cionn ar ais, aċ an darna ḃumaite fórruig me a druim ag éirig anáirde. Dar liom-féin, "Sin droċ ċórta," agus ḃí me cinnte go raḃ sí ag gol a tóirt iarraiḋ orm, go speisealta nuair a tannaic me a cionn ag éirig ar ais, agus a beul ag fosglaḋ, agus ag teiseint dá róg de fiacla a stróċfaḋ an doṁan.

"A Ṁaiġdean Ṁuire!" arsa mise, ag moṫú mo ċosa ag lúbaḋ fúm, agus tuit me a luiġe air an ċarraic. Ní ḟacaiḋ me dadaiḋ níos mó gur ṁusgail oraċar as gunna Seaġain mé."

"Maise, droċ ṁúnaḋ air do luirgnaċa caola!" arsa Seaġan, "mur tú an sean ċailleaċ gan ṁaiṫ! Éiriġ amaċ as sin agus cuidiġ liom!"

"Ḃfuil sí marḃ, a Seaġain?" arsa mise, ag éiriġ mo ṡeasaḋ.

"Is dóiċe liom go ḃfuil," arsa Seaġan. "Fuair sí an t-oraċar sin asteaċ sa ċár, air sgór air biṫ, agus, mar ċiḋ tú-féin, ní ḟuil bugaḋ innti anois."

"Go dtugaiḋ Dia saol fada ḋuit, a Ṡeaġain, air son mo ṡábail mar a rinn tú! Aċ ab é tusa—"

"Seo, seo! fág mo ḃealaċ! Tá tú air criṫ ó ḃun go bárr, agus is furust ainnte ort naċ ḃfuil briġ tuit ionnat. Gaḃ 'maċ as sin leat!"

D'ḟior do Ṡeaġan; ní raḃ uċdaċ air biṫ agam, agus le sgeul fada a ḋéanaḋ gairid, ṫarrainn Seaġan an t-iasg sórruiġeaċ sin sios an tsruṫ leis go raḃ sé aig beul-áṫ a ḃí taob sios do'n ċarraic, agus a ndéiḋ moran saoṫair fuairmuid asteaċ air an talaṁ tirim é.

Ċuaiḋ me-féin na ḃaile insin agus d'ḟág me Seaġan agus an Péist Ṁór, agus ó'n lá sin go dtí'n lá aniú ċá deaċaiḋ mise a iasgaireaċt le dúan cuiteog.

An ċiod uair eile ar casaḋ Seagan orm, dúirt se liom gur geárr se suas an Péist Mór, agus a ndéiḋ í a ṡailleaḋ, gur líon sí dá bairille, agus nar blas se ariaṁ iasg co milis leis.

VOCABULARY AND NOTES.

For phonetic Key, see "Progressive Studies in Irish."

Ab: aċ ab é ṫusa, only for you, were it not for you.

Ábulta (ā'-bul-*ta*), able, fit, capable.

Abos (*a*-wos'): an bruaċ abos, the near bank.

Aċ, but: Ní ḟuil orṫí aċ an deiċ agus sé pínne, it is only 10/6; ní ḟuil áird agamsa air aċ oiread, I do not like it either, neither do I like it.

Áċ! oh! ah! Áċ, a ḋuine a ċléiḃ! yerra, man alive!

Aċan (ah'-an)=gaċ aon: aċan ċionn ocú, every one of them.

Áċrú, áċrú! O My! O dear me!

Adaí. This word is used as an enclitic, and may or may not be joined to the preceding word: an fear-adaí (an far'-ad-ee), yon man; ṫall-adaí (hall' ad ee), over yonder.

Aeiḋ (ĕ'-ee), *f.*, 2, a face: a n-aeiḋ (*a* nnĕ'-ee), in the face (of), against; ṫug me aeiḋ air an ḃinn, I faced for the river.

Aerc (ĕrc), *f.* 2, a horn, aerca (ĕr'-*ca*), horns.

Ainnṫe (e*nnh*'-*e*), *f.*, 4, acquaintance, recognition.

Ainnṫiġim (e*nnh*'-ee-*im* and e*nnh*'-ee*m*), I recognise, know.

Áird (ā*rd*), heed: ċa dtug se áird orm, he did not heed me.

Áṁail (ā'-wal), lucky, fortunate.

Amaṁa (*a*-mow'-*a*): ag cur an lae amaṁa, putting the day to loss.

Aṁarc (ow'-*a*rc and sometimes ōrc): aig aṁarc lae, at the peep of day.

Amuidiġ (am'-*id*-ee): Amuidiġ a ḋuine! nonsense, man!

Anam (an'-*a*m): D'anam's do ċorp! blash you! confound you! m'anam go ḃfuil an ceart agat, 'pon my word you are right

Ann tubair (*a*nn tub'-*ir*), to the well; ann tosaiġ leat! proceed! See "Progressive Studies," page 132.

Anuraiḋ or a nuraiḋ (*a* nnur'-ee), *adv.*, last year

Araon (*a*-reen′): suiḋmuiḋ araon, we both sat down

Aréir or a réir (*a*-rēr′), *adv.*, last night; arṫú (ăr′-hoo) réir, ere last night, the night before last.

Árneal (ăr′-*nnal*): sinn siad árneal ṁór, they sat up late.

Arú (ar′-oo): arú leig dúinn! yerra, let us alone!

Asgail (as′-gil), *f.* 2, the arm pit: faoi m'asgail, under my arm.

Aṫas (ah′-as), *m.* 1, delight: le teann aṫais (ah′-ish), with the dint (or force) of joy.

Bac, *m.* 3, a check. Ċuir me an bac air, I checked him.

Bacan (bac′-an), *m.* 1, a peg (on which to hang or fasten something).

Bagairt (bag′-*irt*): ag bagairt orm, scolding me.

Baganta (bag′ an-*ta*), snug, cosy: ag bugaḋ go baganta, moving nicely, shaking beautifully.

Baicle (bac′-le), *f.*, 4, a gang, a band, a group.

Ḃaiste (wash′-*te*): ḃaiste maise (mash′-*e*), 'pon my word, then.

Balc ceaṫa (cah′-*a*), a dark threatening shower.

Ball: air ball (or ball), after a little, in a little while.

Ballog (ball′-og), *f.*, 2, a ruin; sean ḃallog, an old ruin.

Baṁal (bow′-*al*), *m.*, 1, a bowl.

Barraiḋeaċt (bar′-ee-act), *f.*, 3, too much; barraiḋeaċt sputair (sput′-ir), too much excited haste.

Bársoir (băr′-*sar*), *m.*, 3, a water-keeper. [Bárr-ear-oir ?)].

Beadaiġ (*bad*′-ee): naċ tú tá beadaiġ! how fastidious you are!

Beag (*big*): arsa m'unncal leis-ḟéin go beag, said my uncle to himself in an undertone; beag ar ḃí me, small as I was.

Beaiṫeaċ (*byh*′-aċ), *m. gen.* beiṫiġ (*beh*′-ee), *pl.* beiṫiġ, a beast, animal; beo beaiṫeaċ, all alive, quite alive.

Bearraḋ gaoiṫe (*bar*′-oo gee′-he), a sharp breeze.

Ḃeir (ver): go dé beir ort? Why do you? What makes you?

Beul: air mo ḃeul, face downwards; air ḃeul mo ċinn, head foremost; ag gol beul a ċinn, going headlong.

Bí: aċ bí cinnte (*cinn*′-*te*), but you may be sure.

Bíoḋ ḟios agat (*bee-wis ag*′-*at*), mind you; bíoḋ aige! let it pass!

Biṫúnaċ (*beeh*′-oo-naċ), *m.*, 1, a rascal, a scoundrel.

Blandar (blan′-*dar*), *m.*, 1, coaxing, wheedling.

Bliain (*blee*′-*ann*), *f.*, *gen* blianna (*blee*′-*a*-*nna*), a year.

Bolg bán: ṫiuntuiġ se bolg ban, he turned silvery side up, turned over, gave in his gun.

Bóḋruiġ (bor'-ee): ná bóḋruiġ mé, don't annoy me.

Boráil (bor'-ool), *f.*, 3, an opinion: go dé, do ḃoráil, ar leag mo mo ṡúil air aċ bradan! What, do you think, did I lay my eye on but a salmon! go dé do ḃoráil dó, a unncail? what do you think of him, uncle?

Braṫ (brah): ag braṫ air, eager for, bent upon; ag braṫ air Ṁáire, having a fond eye on Mary.

Breacaḋ (*brac'*-oo) an lae, the grey dawn, the break of day.

Briost ṫú (*brist* hoo)! fie on you! you nasty fellow!

Brusgar (brus'-*gar*), *m.*, 1, trashy stuff.

Bugaim (bug'-im), I move, stir, shake; bug leat, move on; ag bugadaiġ (*a* bug'-*ad*-ee), moving, sauntering.

Bumaite (bum'-*a*-*te*), *m.*, 4, a minute; air an ḃumaite, on the spot, instantly.

Bun os cionn (bun os *cunn*), up side down.

Ċa, ċar. Same as ní, níor

Cáiḋeaċ (câ'-ee-aċ), filthy, nasty.

Caill (ca*ll*), *indecl.*, *f.*, injury: ḃfuil caill ort? are you much the worse?

Cailleaċ (ca*ll*'-aċ), *f.*, 2, an old woman: Stróc (strauc) leat, a ċailleaċ! Fire away my hearty! Siuil leat, a ċailleaċ, come along, my lad (or my lassie).

Cáirde: air cáirde, on credit.

Ċan (ċan, han). Ċa becomes ċan with the verb is and also before ḟ: ċan moran léinn (lê*nn*), it was not much learning; ċan ḟuair me, I did not get. See last lesson in "Progressive Studies."

Caoċaḋ (cee'-ċoo): ag caoċaḋ orm, winking at me.

Caor ṫeintean (ceer hi*nn*'-*tan*) air do spága móra! Blast your big feet!

Caoran (cee'-ran), *m.*, 1, a moor, a heath-clad upland.

Caorṫann (ceer'-hann), *m.*, 1, the rowan tree.

Cár searḃ (câr shar'-oo), *m.*, a sour grin.

Carbad iaċtaraċ (car'-a-bud eeċ-tar-aċ), *m.*, 1, the lower jaw.

Céill (*cêll*): ag cur a gceill, pretending.

Ceocú (*cœ*'-oo): ceocú fear? which man? Ceocú ocú? Which of them? is cuma ceocú, it is case equal, it is all up with us. Ceocu air mo ċionn no air mo ċosa a ḃí me, whether it was on my head or on my feet I was.

Ċiacais (ċee'-a-cash): A ċiacais ó! O dear o!

Cibé (cib-ó'): Cibé dóiġ a deaċaiḋ sé a bfasta ann, whatever way he got stuck in him.

Cionn (cunn), *m.*, 1, a head: an cionn eile, the other one; an ċionn eile (used for aon ċionn eile) any more: air eagla naċ mbéaḋ an ċionn eile, least there might not be any more.

Ċiod (ċid), first: a ċiod uair, at first; go dé'n ċiod rud a níos tú? What is the first thing you do?

Cirteaċ (cirt'-aċ), *f.*, 2, clothes, garments.

Cisteanaċ (cish'-tin-aċ), *f.*, 2, a kitchen: ruit síos na ċisteanaiġe, run down to the kitchen

Coċan (coh'-an), *m.*, 1, straw; sifín coċain, a stalk of straw.

Cóġaraċ (cō'-gar-aċ), near, níos coġraiġe (cō'-gree-e), nearer.

Coileann (cil'-ann), *m.*, 1, tum coilinn (cil'-inn), a holly bush.

Coiṁead (civ'-ad), *m.*, 3, Bí air do ċoiṁead, be on your guard.

Ċóir (ċaur): ċóir a ḃeiṫ co mór leat-ḟéin, nearly as big as yourself.

Córa (cō-'ra), *m.*, 4, conversation.

Corp: An méid a bí ann a ċorp, as fast as he could.

Corruiġeaċt (cor'ee-aċt), wrestling, playing.

Córta (cōr'-ha), *m.*, 4, a sign, omen.

Córta (caur'-ha), *m.*, 4, a chest.

Cosgaraċ (cos'-gar-aċ), blood-thirsty, blood-curdling, cruel.

Coṫrum (coh'rum), even, level.

Cos-tarnaċt (cos'-tar-naċt), bare footed.

Cosúil (cos'-ool), like: is cosúil go, it seems that.

Cosúlaċt (cos'-ool-aċt), *f.*, 3, likeness, similarity.

Crann: ċaiṫmuid cruinn (ċyh'-mud crinn), we cast lots.

Crap: Béiḋ me mo ċrap cullata, I'll be fast asleep

Croiḋṁail (cree'-wil), kindly, good-natured.

Creaċ (crah), *f.*, 2, plunder: droċ ċreaċ ort! bad luck to you!

Cruipe (crip'-e), *m.*, 4, a button; *pl.* cruipí (crip'-ee).

Cruman (crum'-an), *m.*, 1, a gaff.

crumog (crum'-og), *f.*, the up-turned part of the lower jaw of a fish.

Cuartuiġeaċt (coor'-tee-aċt), a visit, visiting.

Cuileog (cil'-og), *f.*, 2, a fly, a fly-hook.

Cuinniġ (cunn'-ee), keep: ag cuinneailt (cunn'-*allt*), keeping.

Cúis (coosh): deánfiḋ (yăn'-hee) sin cúis, that will do.

Culluiġ (cull'-ee), sleep: am cullata (cull'-*at-a*), bed time

Cunasaċ (cun'-*a*-saċ), cross, vicious, threatening.

Cunraḋ (cun'-roo), *m.*, 4, a bargain.

Dadaiḋ (dad'-ee), anything: ní ḟuil dadaiḋ aige, he has nothing.

Daom (deem): daom, daot, dae, are the Ulster equivalents of díom, díot, dé. As the preposition contained in these words is often shorter in sound than dae, it was considered advisable, in the text, to retain the already familiar de for the preposition. But it should be remembered that the d is always *broad*, and the vowel sound *obscure*. The nearest Ulster spelling is dae when the article follows, and da in other cases: bain an puball dae'n ṁadaḋ, bain an puball da ṁadaḋ Séamuis. It should be noted that da, as used here, has the exact sound of da in the word fada. It may interest the student to know that Keating frequently uses do for de.

Daoraiḋ (deer'-ee): tá sé air an daoraiḋ, he is furious.

Daṫ (dah), *m.*, 4, colour: ní ḟuil a ḋaṫ agam, I have not its colour, I have not the colour of it, *i.e.*, I have not anything. Ní ḟuil a ḋaṫ a ṁaiṫ ann, it is no use, it is worthless.

Ḋéim (yē*m*): tá sé a ḋéim orm, I want it.

Ḋeón (yōn). Ḋeón a miste liom, the deel a hair I care, I don't mind if I do; ḋeón dúan a ḃí agam, the deuce a hook I had; ḋeón greim gur ceart tú, 'pon my word you are a brick.

Dóinn (dō'-*inn*), deep; níos duiṁne (*nees* div'-*nne*), deeper.

Draṫa (drah'-*a*) = a dtraṫa' towards.

Dreasog (*dras*'-og). Same as driseog.

Dúan (doo'-an): dúan cuiteog, a bait hook.

Dúil (dool): tá dúil ar Dia agam, I sincerely hope.

Ḋuine (dinn'-*e*): a ḋuine, a ċléiḃ! O man alive!

Duisín (dush'-een), *m.*, 4, a dozen.

Dul (dulh), *m.*, 1, a *dul*, a noose, snare; *pl.* dulannaí.

Dúllan (doo'-llan): beirim do ḋúllan, I defy you.

Éadrum (īd'-rum), light, shallow.

Ealaonta (al'-een-t*a*), cute, tricky, roguish, scientific.

Eascunn (as'-cunn), *f.*, 1, an eel

Fa, about: fa'n baile (fan wel'-*e*), about the town; fa ḋeireaḋ (yer'-oo), at last; fa ḋeireaḋ ḟiar tall, at long last.

Facas (fac'-*as*): ní ḟacas é, it was not seen.

Faic a ṁuill (fac a *will*), a jot of delay; no difficulty.
Faiċilleaċ (fyh'-*ill*-aċ): go faiċilleaċ, cautiously, guardedly
Fa dear (fa dar): ag tóirt fa dear mar, noticing how.
Faill (*fall*), *f.*, 2, time, leisure, opportunity.
Fearúil (far'-ool), manly; níos fearúla, more manly.
Feoluim (*fau*'-lim): ag feoluim, learning.
Feur (*fĕr*): co tiuċ leis an ḟeur, as *thick* as *midges*.
Fiog (fig): D'ḟan sé air fiog uaire, he stayed for an hour.
Fioga (fig'-*a*), *pl.* of fiog, *f.*, 2, a rush.
Fóirfaḋ: B'ḟeárr a d'ḟóirfaḋ (daur'-hoo) sé ḋuit, it would fit you better, you would be better employed.
Forsú (for'-soo): ag forsú tríd, dashing through.
Fuaras na fioga, the rushes were got.
Fuínn: dá bfuínn (da weenn), if I got.
Fuímuid: go bfuímuid (wee'-mu*d*), till we get.
Furust: b'ḟurúst aiṫniṫe, it was easily seen.

Gaosan, a nose.
Gar, a boon: is mór an gar sin, that is a great boon; ní raḃ gar ann, it was no use, it was in vain.
Geall (*gall*): cuirfiḋ mé geall, I'll wager; go dé'n geall a ċuirfas tú? What will you bet? Geall air Ḋia! for God's sake!
Gealogaí gránna, paltry little trout.
Gearb (*gar*'-ub): ceanal de ġearb, a kind of scab.
Geasraċa (*gas*'-raċ-*a*), spells, enchantment: go dé na geasraċa, what tantrums, what the deuce.
Gearr bric ṁaiṫe (*gar* vric wyh'-*e*), fairly good trout.
Géibeann (*gē*'-vann): go dé'n géibeann? what hurry?
Geoiḋ (yō'-ee): ġeoiḋ sé, he will get.
Geoinn (yō'-inn or yō*nn*), I would get.
Gilidín beag sgallta, a miserable little trout.
Giodal (*gid*'-*a*l), *m.*, giddiness, conceit.
Giolla, a fellow, gilly: Giolla na gcos cam! crooked legs!
Gius (*g*oos), *m.*, 1, fir: stacan giuis (*g*oosh), a stump of fir.
Graiṫe (gryh'-*e*): coiṁead do ġraiṫe féin, mind your own business; déanfiḋ sin graiṫe, that will do.
Grásta: Ṫa na ngrásta! gracious goodness!
Guil: Distinguish between ag guil (*a* gilh), boiling, bubbling ag gul (*a* gulh) weeping, and ag gol (*a* gol), going.

guite (gut'-*e*), caught, trapped: ċa mbéinn guite le gealogaí, I would not be bothered with small trout.
guldar (gul'-*dar*): guldar fir, a man's roar.
gus, *m.*, 1, animal force, vigour, sprightliness.
Henifín (hen'-if-een), already, so soon.

iarraiḋ (ee'-*a*-ree): iarraiḋ eile, another attempt (or attack).
innean (in*n*'-an): innean go, although.
inteaċt. It is used as an enclitic: fear inteaċt (far'-een-*t*aċt), some man; duine inteaċt duin*n*'-een-*t*aċt), somebody.
iomlataċ (um'-*lat*-aċ), giddy, mischievous.
iontaċ (een'-taċ), wonderful, terrible; iontaċ mór, very big.
iontas (een'-*tas*), *m.*, 1, wonder; a great number.

Láirc (llārc), *f.*, 2, the leg, hip.
Láṁċrann (lla'-frunn), *m.*, 1, the hand staff of a flail.
Léiġim, I read, I melt; ag léaḋ (*a llā*'-oo), reading, melting.
leis (*ll*eeh), *f.*, a hip.
leiṫearaċt (*ll*eh'-*ar*-aċt): ag leiṫearaċt, reading.
leiṫeoir (*ll*eh'-or), *m.*, 3, a reader.
leor (*ll*ōr), *m.*, 1, a book; leorṫí (*ll*ōr'-hee), books.
liubar (*ll*ub'-*ar*), *m.*, 1, a flabby lip.
Lóirim (llōr'-im), I speak; ag lóirt (*a* llō*rt*), speaking.
Lúbarnaiġ (lloob'-*ar*-nnee): ag lúbarnaiġ, wriggling.

Mainne (mann'-*e*), *gen. sing.* of maidín.
Meallaḋ (*mall*'-oo): le na ṁeallaḋ, to coax him.
Meanaċ (*man*'-aċ), *m.*, 1, guts, intestines.
Méid (*mēd*), *f.*, size: go dé'n ṁéid? what size? When méid means *amount*, or *quantity*, it is *masculine* and *indeclinable*: go dé'n méid a ṁaruiġ (war-ee) Séamus? how much or how many did James kill? D'imiġ se an méid a ḃí ann a ċorp, he went off (with) the amount (of force) that was in his body, *i.e.*, as fast as he could; ní ḟuil me ag iarraiḋ an méid sin, I am not asking so much.
Mioḟur (*mee*'- fur), ugly, unbecoming.
Muill (mu*ll*): ní ḃéiḋ muill ort, you will have no difficulty.

Ṁuirḟeaḋ (wirh'-oo): ṁuirḟeaḋ se an saol ṁór, he would kill the whole world, i.e., everybody. When saol has this secondary meaning, it aspirates the adjective. See móid.

Ná (nnā) = (1) for, because, (2) nor, (3) sometimes ná takes the place of no, *or*. In replies, ná often strengthens naċ: ná naċ ḃfuil, are you not? you don't say so!
Neaṫantaí (*nnah'-an-tee*) and neaṫanní (*nnah'-an-ee*), things
Neul (*nnē'l*), *m.*, 1, a cloud; a nap, a short sleep.
Níos (*nnees*). (1) compar. sign, (2) rel. form of níḋim, I do.

Oganaċ (og'-an-aċ): m'oganaċ, my boyo.
Oireaḋ rubaill, as much tail (power).
Ónna, *gen. sing.*, of óinn, a river.
Oraċar (or'-*a*-har), *m.*, 1, a shot, a cast, a charge.

Pánaí (pā'-nee): panaí bric, a fine plump trout.
Pillioc (pi*ll*'-uc), *m.*, a bag-shaped net made of rushes.
Pínn (*peenn*), *f.*, 2, a penny.
Pisleogaí (pish'-log ee), incantations, witchery.
Plóid (plau*d*) ort! A plague on you! confound you!

Ráḃailliġ (rā'-wi*ll*-ee): ag ráḃailliġ, raving, dreaming.
Raite (ra*t*'-*e*), exhausted, run out, used up, spent.
Raṫaiḋ (rah'-ee): ag raṫaiḋ, running.
Ró-ḋóinn (rau'-ḋō'-i*nn*), too deep.
Roṫa (roh'-*a*), *m.*, 4, a wheel, a fishing reel.
Ruaim (roo'-i*m*), *f.*, 2, horse hair, a fishing line.
Ruiṫ (rooh): ruiṫ na fuinneoige, run to the window.

Saercan (sēr'-can), *m.*, 1, a primrose.
Sailleaḋ (sa*ll*'-oo): a nḋeiḋ a sailleaḋ, after salting it.
Saṁnas (sow'-nas), *m.*, 1, a disgusting taste, nausea.
Saol (see'-*a*l): an saol mór, the *great* world; an saol ṁór, the *whole* world, everybody. Tá ḟios aig an tsaol orm, I assure you.
Sárú: ní ṫóirḟinn oireaḋ de ṡárú dó, I would not satisfy him.

Seang (shang), lean: air bolg seang, on an empty stomach.

Sgafaire (sgaf'-ir-*e*), *m.*, 4, a bouncing youngster.

Sgairtiġ (sgar*t*'-ee): ag sgairtiġ, calling, shouting.

Sgárruiġeaċ (sgar'-ee-aċ), terrifying, terrible.

Sgoil (sgolb): cuireaḋ na sgoile me, I was sent to school.

Sgríste (shgreesh-*te*), *f.*, 4, a rest.

Sifín coċain (shif'-een coh'-*ann*), a stalk of straw.

Silide (shil'-id-*e*): silide samraiḋ (sow'-ree), a summer snail.

Sioc (shic): ní lú orm an sioc ná a ġol, I abominate going.

Síogaiḋ (shee'-gee), *m.*, 4, a weasel. Also easog.

Siomaiḋ (shum'-ee) cursa grinn, many a funny joke.

Sit-ġáiriġ (shit'-ġār-ee): ag sit ġáiriġ, giggling.

Siuilim (shool-*im*), I walk, move, proceed.

Smaoitigim (smee'-tee-im), I think, ponder, meditate.

Smid (smi*d*): Deón smid bréige ann, the deuce a lie in it; ní béiḋ smid air maidín againn, we will not have a breath (of wind) in the morning.

Sórruiġim (sō'-ree im), I notice, observe; ag sórrú, observing.

Sórruiġeaċ (sō'-ree-aċ), remarkable, wonderful.

Spéir (spē), *f.*, 2, the sky: spéirṫí an lae, daylight.

Splannc (splannc), *f.*, 2, a spark, a flash, a thunderbolt: ṡíl sí naċ raḃ splannc agam, she thought I had not a spark (of sense)

Spréaḋ air ġealogaí = Confound small trout!

Sputar (sput'-*ar*), *m.*, trepidation, confused hurry.

Straċailt (strah'-*illt*): dá straċailt, hauling it.

Suim (si*m*), na sórrú (sō'-roo), (neither) heed nor observation.

Sumaċan (sum'-*a*-han), *m.*, 1, a lusty fellow.

Taite (tet'-*e*), excellent, tip-top.

Ṫannaic (hann'-ic), same as ċonnaic.

Ṫannaicear dam, methought, it seemed to me.

Taob ṡíos (teeb hees) = taob b'ṡíos; taob ṡíos dam, below me.

Taom (teem): taom de'n déideaḋ (dā'-*doo*), an attack of toothache, taom caointe, a fit of crying.

Téiġim (*tē'* ee-im), I heat, ag téaḋ (*tet'*-oo), heating.

Téim (*tē'*-im), I go; ag gol, going.

Teiseinim (tesh'-en-im), I show. Also taisbeanaim.

Tiarna (tee'-ar-*na*), *m.*, 4, a lord.

Tíḋim (tee'-im), I see: nuair a tíḟeas (tee'-fas) tú when you (will) see.

Tiuntuiġim (tunn'-ty im), I turn; ag tiunta (tunn'-ta), turning.

Tiuṫ: co tiuṫ leis an ḟeur, as thick as midgets.

Tóirim (tōr'-im), I give; ag toirt (tōrt), giving.

Ṫubair (hub'-ir) go muirḟinn tú, I was very near killing you.

Tuige (tig'-e): ca tuige sin? How is that? Why so?

Tuinnte (tinn' te): nar ḟág tuinnte, that did not leave a stitch.

Uċdaċ or uċtaċ, heart, courage.

Úl (ool), humble; go húl, humbly.

Urnais (ur'-nash), implements: urnais iasgaireaċta, fishing tackle.

ADDITIONAL WORDS.

Cóirlle, *f.*, an advice.

Cruc, *m.*, a hill.

Fá dtaoḃ daom, about me.

Fríd, through it, through him.

Gorman, *m.*, a species of trout.

Meannan góir, a kid.

Milltеanaċ, huge, terrible.

Numbrél, an umbrella.

Óinn, *gen.*, ónna, *f.*, a river.

Preab riġúil, a royal rise (or bite).

Rínn, *com.*, níos rínne, tough.

Ruaigmuid, we rumbled (with a stick).

Seir. same as soir.

Sluparnaiġ-slaparnaiġ, flipping-flapping.

Táirneaċ. *m.*, thunder.

Tarraint na hónna, making for the river.

Traḋan, *m.*, a corn-crake.

LIBRARY 16 AUG 1976 UNIVERSITY OF TORONTO

WORKS BY J. P. CRAIG.

PROGRESSIVE STUDIES IN IRISH.

Paper Cover ...	Price 2s. nett.
Cloth Gilt ...	" 3s. "
In 4 Parts, each	" 6d. "

This course of Irish studies, which brings the student through the entire scope of the language, is intended for those who wish to master Irish in the shortest possible time. Any person, therefore, who is anxious to get a full knowledge of his mother tongue should procure a copy of these lessons. A phonetic key is provided which enables the student to pronounce each word exactly. Moreover, the system of spelling employed is much simplified to bring it into line with the living speech.

Clann Lir.

Direct Method Edition. Price 1s. 6d. nett.

"Mr. Craig has told the beautiful story of the 'Children of Lir' in a style that leaves nothing to be desired. There are many students of Irish who can find little pleasure in reading the old text, but the greatest pleasure will be derived from reading Mr. Craig's modern version."—*Daily Independent.*

Clann Uisniġ.

Price, 9d. nett.

"The 'Fate of the Children of Uisneach' is one of the most pathetic stories ever written. Mr. Craig's modern version is simply admirable."—*Weekly Freeman.*

Sgeulta Sgiurta.

Price, 9d. nett.

"'Sgeulta Sgiurta', which is a collection of six short stories for the young, translated from Grimm's Fairy Tales, makes delightful reading."—*Freeman's Journal.*

Ór-sgeul an Ċreiḋiṁ.

A poem which describes the triumphal march of St. Patrick through the land. The principal episodes include: the Conversion of the Royal maidens at Rath Cruachan, Croagh Patrick, St. Patrick's Purgatory, the Legend of the Knight and his vision of Purgatory. Price, 1s. nett. By Post, 1s. 3d.

"Mr. Craig's latest work, a metrical composition running into a thousand lines of exquisitely constructed verse, is a fitting crown to all his other valuable works."—*Derry Journal.*

DERRY:
D. G. CRAIG & CO., WILLIAM STREET,
PUBLISHERS.

Studies in Irish Composition

By J. P. CRAIG.

New Revised Edition. Price 3/6.

"Professor Craig, Clongowes Wood College, Sallins, is thorough in all he attempts. His acquaintance with th Irish language combines the familiarity of the nativ speaker with the erudition of the scholar who gives himsel to close study of the subject. All his books on Gaelic reflect these qualities, and he has the further gift of being able to graduate them to the understanding of his readers from the first lesson to the higher study of the language." —*Freeman's Journal.*

"A most valuable addition to our Gaelic text books is *Studies in Irish Composition*. Mr. Craig, whose qualifications to undertake such a work are well known to students of Irish, has arranged in a concise form a complete course for all grades of the Intermediate. The pupil who has succeeded in mastering this volume will have laid for himself a most trustworthy foundation in the principles of the Irish language. Mr. Craig's methods of simplicity of explanation are as near perfection as it is humanly possible to make them. We most heartily recommend this work to Gaelic teachers and students alike."—*Irish Independent.*

Key to the above (for teachers only), Price, 3/-.

A New Method Course

By J. P. CRAIG.

This book is intended as a Supplement to *Studies in Irish Composition.* It is explained entirely through the medium of Irish, and will be very useful in acquiring a colloquial knowledge of the language. Price, 1/6 nett.

PUBLISHERS : D. C. CRAIG & CO., WILLIAM ST., DERRY

31.X

PLEASE DO NOT REMOVE
CARDS OR SLIPS FROM THIS POCKET

UNIVERSITY OF TORONTO LIBRARY